



An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021
(OR. en)

9616/21

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2020/0264(COD)
2013/0186(COD)

AVIATION 153
CODEC 859
IA 112

DOICIMÉAD OIBRE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	ST 9490/21 + COR1-5
Uimh. an doic. ón gCoim.:	ST 10840/20 + ADD1, ST 11020/20
Ábhar:	Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú) – Cur chuige ginearálta (3 Meitheamh 2021)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i bhFoscúbhinn I a ghabhann leis seo an cur chuige ginearálta ón gComhairle maidir leis an togra thuasluaite agus na harscúbhinní a ghabhann leis a ghlac an Chomhairle ag an 3798ú cruinniú dá cuid an 3 Meitheamh 2021.

2013/0186 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair

(athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

² IO C [...], [...], lch. [...].

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, agus Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a leasú go substaintiúil. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar na Rialacháin, ba cheart iad a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

³ Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán aerspáis) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 20).

- (2) Ós rud é gur ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an chéad phacáiste reachtaíochta maidir leis an aerspás Eorpach aonair, eadhon, Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004, agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, leagadh síos bonn daingean dlí i gcomhair córas bainistíochta aerthráchta (BAT) atá comhleanúnach, idir-inoibritheach agus sábháilte. Le glacadh an dara pacáiste, eadhon, Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, rinneadh tionscnamh an Aerspáis Eorpaigh Aonair a neartú tuilleadh trí choincheapa na scéime feidhmíochta agus an Bhainisteora Gréasáin a thabhairt isteach chun feidhmíocht ghréasán BAT na hEorpa a fheabhsú tuilleadh. Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 a aisghairm le Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, mar gur ionchorpraíodh na rialacha is gá maidir le hidir-inoibritheacht córas, comhdhamhnaí agus nósanna imeachta BAT sa Rialachán sin.
- (3) Chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/1139 a chur san áireamh, is gá ábhar an Rialacháin seo a ailíniú le hábhar Rialachán (AE) 2018/1139, agus, ag an am céanna, an Rialachán deiridh sin a leasú.
- (4) In Airteagal 1 de Choinbhinsiún Chicago 1944 um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, aithníonn na Stáit Chonarthacha go bhfuil ‘ceannas iomlán agus eisiach ag gach stát ar an aerspás os cionn a chríche’. Is laistigh de chreat an cheannais sin a dhéanann Ballstáit an Aontais faoi réir na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta is infheidhme, cumhachtaí údaráis phoiblí a fheidhmiú agus iad ag rialú aerthráchta.

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (an Rialachán idir-inoibritheachta) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004, (CE) Uimh. 551/2004 agus (CE) Uimh. 552/2004 d'fhonn feidhmíocht agus inbhuanaitheacht chóras eitlíochta na hEorpa a fheabhsú (IO L 300, 14.11.2009, lch. 34).

⁸ Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

- (4a) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do cheart agus freagrachtaí na mBallstát faoi Choinbhinsiún Chicago.
- (5) Chun an comhbheartas iompair a chur chun feidhme, tá gá le córas aeriompair éifeachtúil chun go mbeifear in ann seirbhísí aeriompair a oibriú ar bhealach sábháilte, rialta agus inbhuanaithe, rud a chuirfidh barr feabhais ar úsáid an aerspáis agus ar acmhainneacht, a rannchuideoidh le hinbhuanaithe na heitlíochta, agus a éascóidh saorghluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí.
- (6) Is gá an ghné dhaonna a chur san áireamh nuair atá na spriocanna a bhaineann le caighdeáin sábháilteachta aerthráchta a mhéadú agus feidhmíocht fhoriomlán BAT agus seirbhísí aerloingseoireachta (SAL) don aerthrácht i gcoitinne san Eoraip a fheabhsú á saothrú go comhuaineach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit seasamh leis na prionsabail a ghabhann le ‘cultúr cóir’. Ba cheart tuairimí agus moltaí an Ghrúpa Saineolaithe maidir le Gné Chearta an Duine⁹ den Aerspás Eorpaigh Aonair a mheas agus a chur san áireamh.
- (7) Tá feabhsúcháin i bhfeidhmíocht chomhshaoil BAT ina rannchuidiú freisin chun na cuspóirí atá i gComhaontú Pháras sa Teachtaireacht ón gCoimisiún, sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún, agus sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip a bhaint amach, go mór mór trí astaíochtaí eitlíochta a laghdú.
- (7a) Is acmhainn choiteann é an t-aerspás do gach catagóir úsáideoirí, agus ní mór dóibh uile é a úsáid ar bhealach solúbtha chun an chothroime agus an trédhearcacht a áirithiú, agus riachtanais slándála agus cosanta na mBallstát mar aon lena ngealltanais laistigh d’eagraíochtaí idirnáisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna.
- (8) In 2004, ghlac na Ballstáit ráiteas ginearálta maidir le cúrsaí míleata a bhaineann leis an Aerspás Eorpach Aonair¹⁰, ráiteas a d’athdhearbhaigh siad ó shin. De réir an ráitis sin, ba cheart do na Ballstáit, go háirithe, feabhas a chur ar an gcomhar idir lucht sibhialta/míleata agus, má mheasann na Ballstáit uile lena mbaineann gá a bheith leis agus go feadh an mhéid a mheasann siad gá a bheith leis, comhar a éascú idir a gcuid fórsaí armtha ó thaobh cúrsaí bainistíochta aerthráchta de.

⁹ C(2017) 7518 final

¹⁰ Féach IO L 96, 31.3.2004, lch. 9.

- (9) Cinntí a bhaineann lena bhfuil in oibríochtaí agus oiliúint míleata, lena raon feidhme agus lena ndéanamh, ní thagann siad faoi inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (9a) Féadfaidh na Ballstáit, in éineacht le tríú tíortha i gcás inarb ábhartha, bloic feidhme aerspáis a bhunú chun comhar agus comhordú níos fearr a fhorbairt d'fhonn feidhmíocht an ghréasáin bainistíochta aerthráchta a chothú laistigh den Aerspás Eorpach Aonair agus tionchar níos lú a fhágáil ar an gcomhshaol.
- (10) Ba cheart do na Ballstáit údarás maoirseachta náisiúnta a ainmniú d'fhonn na cúraimí a shanntar d'údarás den sórt sin faoin Rialachán seo a ghlacadh chucu féin. Ionas go n-áiritheofar maoirseacht chomhsheasmhach fhónta ar sholáthar seirbhísí ar fud na hEorpa, ba cheart go mbeadh ráthaíocht ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le neamhspleáchas leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a bheith acu. Go háirithe, ba cheart do mhaoiniú na n-údarás sin a neamhspleáchas a ráthú agus ba cheart a cheadú dóibh feidhmiú i gcomhréir le prionsabail na cothroime, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. Ba cheart d'fhoireann na n-údarás maoirseachta náisiúnta gníomhú go neamhspleách, go háirithe trí choinbhleachtaí leasa a sheachaint idir soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus cur i gcrích a gcúraimí. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar údarás maoirseachta náisiúnta a bheith ina chuid d'údarás rialála atá inniúil i roinnt earnálacha rialáilte más rud é go gcomhlíonann an t-údarás rialála sin na ceanglais neamhspleáchais, nó níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar é a bheith nasctha i dtéarmaí a eagrúcháin go háirithe leis an údarás inniúil náisiúnta de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 nó leis an údarás iomaíochta náisiúnta.
- (11)
- (12) Tá ról lárnach ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus ba cheart dóibh, dá bhrí sin, comhoibriú le chéile chun malartú faisnéise a éascú maidir lena gcuid oibre agus le prionsabail chinnteoireachta, dea-chleachtas agus nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo chomh maith a chumasú agus cur chuige comhchoiteann a fhorbairt, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe ar leibhéal réigiúnach. Ba cheart go mbeadh an comhar sin ann ar bhonn rialta.
- (13)

- (14) Ba cheart go mbeadh soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta in ann seirbhísí a thairiscint san Aontas faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha i gcás ina bhfuil deimhniú nó dearbhú ina sheilbh aige de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139.
- (14a) De bhun Airteagal 2, mír 3, c), de Rialachán (AE) 2018/1139, níl feidhm ag an Rialachán sin, lena n-áirítear na ceanglais deimhniúcháin a leagtar síos in Airteagal 41 de, maidir le BAT/SAL arna soláthar nó arna gcur ar fáil ag an arm. Dá réir sin, ba cheart na Ballstáit a údarú freisin soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta sin a cheadú san aerspás ar fad nó i gcuid den aerspás atá faoina gcúram gan deimhniúchán agus/nó gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ina iomláine nó go páirteach. Sna cásanna sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, go háirithe, a bheith in ann na soláthraithe seirbhísí míleata lena mbaineann a ainmniú chun seirbhísí aerthrachta nó seirbhísí meitéareolaíocha (SM) a sholáthar i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (14b) Ní éilíonn an Rialachán seo go ndéanfar comharthaí arna soláthar ag Córais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) a dheimhniú.
- (15) Níor cheart aon idirdhealú a bheith ann idir úsáideoirí aerspáis a fhad a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta coibhéiseacha a sholáthar.
- (16) Ba cheart seirbhísí aerthrachta a sholáthar ar bhonn eisiach. Ba cheart soláthraithe seirbhísí den sórt sin a bheith faoi réir ainmniúcháin agus ceanglais maidir le leas an phobail i ndáil go háirithe leis an tslándáil agus leis an gcosaint náisiúnta, chomh maith leis an áit a bhfuil a bpríomháit ghnó agus a n-úinéireacht. I ndáil leis sin, ba cheart a chur san áireamh go bhfuil baint ag soláthar seirbhísí aerthrachta, mar a bheartaítear leis an Rialachán seo, le feidhmiú cumhachtaí údaráis phoiblí, nach cumhachtaí eacnamaíocha iad agus nach bhfuil, dá bhrí sin, faoi réir rialacha an Chonartha maidir le hiomaíocht.
- (16a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear cosc faoina ndlí náisiúnta ar sholáthraí seirbhísí aerthrachta a ainmniú ar an bhforas, go háirithe, go bhfuil a phríomháit ghnó ag an soláthraí seirbhísí lena mbaineann i mBallstát eile nó gur le náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin é nó í i gcás ina gcuireann cur i bhfeidhm an dlí náisiúnta sin srian gan údar ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar nó ar an tsaoirse bhunaíochta, agus ba cheart an srian sin a mheasúnú ar bhonn gach cáis faoi leith i bhfianaise na n-imthosca ábhartha uile.

- (16b) Ar bhonn a n-anailíse ar chúrsaí sábháilteachta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann soláthraí amháin nó níos mó soláthraithe SM a ainmniú ar bhonn eisiach i leith an aerspáis ar fad atá faoina gcúram nó i leith cuid de, gan aon ghá le glao ar thairiscintí a eagrú.
- (16c) Is uirlis thábhachtach é an comhar idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta chun feidhmíocht fhoriomlán chóras BAT na hEorpa a fheabhsú agus ba cheart é a spreagadh.
- (17) Ar bhonn a n-anailíse ar ghnéithe sábháilteachta, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do sholáthraithe seirbhísí aerthrachta nó d'oibreoirí aerfoirt, nó do ghrúpa oibreoirí aerfoirt, seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais (CLF), seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta (SFA), seirbhísí sonraí aerthrachta (SSA), seirbhísí meitéareolaíocha (SM), ach amháin i gcás ina n-ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann soláthraí aonair SM, nó seirbhísí aerthrachta críochfoirt a fháil, chun aeradróim a rialú agus chun ascnaimh a rialú. Leis an bhféidearthacht dul i muinín an tsoláthair sin, féadfaidh sé go mbeidh níos mó solúbthachta ann agus go gcuirfear nuálaíocht i seirbhísí chun cinn, gan difear a dhéanamh don tsábháilteacht agus do riachtanais shonracha, lena n-áirítear riachtanais an airm, i dtaca le rúndacht, idir-inoibritheacht, athléimneacht córais, rochtain ar shonraí, agus slándáil BAT.
- (18) I gcás ina bhfaightear SM nó seirbhísí aerthrachta críochfoirt do rialú aeradróim agus rialú ascnaimh, níor cheart iad a bheith faoi réir na scéime feidhmíochta a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (19)
- (20) I gcás inarb infheidhme, ba cheart soláthar seirbhísí aerloingseoireachta a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² mura bhforáiltear a mhalairt faoin Rialachán seo, agus i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta mar aon leis na forálacha is infheidhme den Chonradh, go háirithe rialacha an Chonartha maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus an tsaoirse bhunaíochta.

¹¹ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

¹² Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

- (21) Chun bainistíocht tráchta a dhéanamh ar aerárthaí gan foireann, is gá seirbhísí coiteanna faisnéise a bheith ar fáil. Chun na costais a bhaineann le bainistíocht tráchta den sórt sin a shrianadh, ba cheart praghsanna ar sheirbhísí coiteanna faisnéise arna soláthar ar bhonn eisiach a bhunú ar chostas agus ar uasmharcáil réasúnta chun brabús a dhéanamh, agus iad a bheith faoi réir fhormheas na n-údarás maoirseachta náisiúnta. Chun soláthar na seirbhíse a chumasú, ba cheart rochtain ar na sonraí ábhartha oibríochtúla a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí coiteanna faisnéise ar théarmaí cothroma, réasúnacha, agus neamh-idirdhealaitheacha.
- (21a) Tá infhaighteacht sonraí oibríochtúla ábhartha i ndáil le haerthracht ginearálta fíor-riachtanach chun soláthar solúbtha seirbhísí sonraí aerthrachta, ar bhonn trasteorann agus ar fud an Aontais, a chumasú. Dá bhrí sin, ba cheart sonraí den sórt sin a chur ar fáil do gheallsealbhoirí ábhartha ar théarmaí cothroma, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Cruinneas na faisnéise lena n-áirítear maidir le stádas aerspáis agus cásanna sonracha aerthrachta agus dáileadh tráthúil na faisnéise sin ar rialaitheoirí sibhialta agus míleata, bíonn tionchar díreach aige sin ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht oibríochtaí, lena n-áirítear éifeachtúlacht chomhshaoil eitiltí. Tá rochtain thráthúil ar fhaisnéis atá cothrom le dáta maidir le stádas aerspáis fíor-riachtanach do gach páirtí ar mian leis leas a bhaint as struchtúir aerspáis a chuirtear ar fáil agus a bpleananna eitilte á gcomhdú nó á n-athchomhdú aige.
- (22) Leis na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, ba cheart go n-áiritheofaí go n-oibreoidh an córas BAT Eorpach ar bhealach éifeachtúil, inbhuanaithe agus leanúnach; tá sé beartaithe i ngeall ar na scéimeanna sin go ndéanfar seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthraítear faoi dhálaí seachas dálaí an mhargaidh níos éifeachtúla ó thaobh costais de agus cáilíocht seirbhíse níos fearr a chur chun cinn. Chuige sin, ba cheart dreasachtaí ábhartha agus iomchuí a áireamh iontu. I bhfianaise an chuspóra sin, níor cheart go gcumhdófaí leis an scéim feidhmíochta seirbhísí arna bhfáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart go gcumhdódh an scéim feidhmíochta na seirbhísí aerloingseoireachta uile a sholáthraíonn nó a fhaigheann soláthraí seirbhísí aerthrachta ó sholáthraithe seirbhísí eile, lena n-áirítear nuair a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí sin seirbhísí aerloingseoireachta agus seirbhísí aerthrachta.
- (22a) Féadfar Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF) a ainmniú chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le cur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe.

(23)

(24)

- (25) I bhfianaise na n-eilimintí trasteorann agus gréasáin is gné dhílis de sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, ba cheart feidhmíocht faoi bhealach a mheasúnú de réir spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais.
- (25a) I bhfianaise an eolais atá acu ar na cúinsí áitiúla, ba cheart go mbeadh na Ballstáit agus a n-údaráis mhaoirseachta náisiúnta i gceannas ar na dréachtpheananna feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a ullmhú agus a ghlacadh. Ba cheart na pleananna sin a bheith bunaithe go háirithe ar ionchur an tsoláthraí nó na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe i leith na seirbhísí aerloingseoireachta go léir a sholáthraíonn nó a fhaigheann na soláthraithe seirbhísí sin. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar mheasúnú na bpleananna sin. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a bheith i gceannas freisin ar fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht soláthraithe seirbhísí aerthráchta agus ar bhearta ceartaitheacha a fhorchur, i gcás inarb iomchuí.
- (26) Ba cheart go mbeadh spriocanna feidhmíochta faoi bhealach sna dréachtpheananna feidhmíochta agus iad i gcomhréir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, chomh maith le spriocanna feidhmíochta críochfoirt i bpríomhréimsí feidhmíochta an chomhshaoil, acmhainneachta agus costéifeachtúlachta, agus imthosca áitiúla agus idirspiléachas idir príomhréimsí feidhmíochta agus sábháilteacht á gcur san áireamh ag an am céanna, agus critéir cháilíochtúla áirithe a chomhlíonadh chun a áirithiú, a oiread agus is féidir, go mbaintear amach ar bhealach éifeachtach na spriocanna a leagadh síos.
- (27) Ba cheart feidhmíocht an ghréasáin a bheith faoi réir critéir shonracha, ag féachaint do chineál ar leith fheidhmeanna an ghréasáin sin. Ba cheart an gréasán a bheith faoi réir spriocanna feidhmíochta sna príomhréimsí feidhmíochta a bhaineann le comhshaoil, acmhainneacht agus costéifeachtúlacht.
- (28) Ba cheart an scéim muirearaithe a bheith bunaithe ar an bprionsabal gur cheart d'úsáideoirí aerspáis íoc as an gcostas a thabhaítear as soláthar na seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh nó a théann chun tairbhe dóibh nach gcumhdaítear ar shlí eile. Féadfar na costais i ndáil le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta arna dtabhú ag údaráis náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear na húdaráis inniúla náisiúnta agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta chomh maith le EUROCONTROL agus an Bainisteoir Gréasáin, a chur san áireamh sna costais a chinntear a bheidh incháilithe le muirearú ar úsáideoirí aerspáis. Trí bhíthin muirear, ba cheart soláthar seirbhísí aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe a chur chun cinn d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus costéifeachtúlachta a bhaint amach chomh maith leis na spriocanna feidhmíochta a chomhlíonadh agus tacú le tionchar comhshaoil na heitlíochta a laghdú ag an am céanna.

- (29) Ba cheart ceadú do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le modhnú muirear chun feidhmíocht chomhshaoil agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, go háirithe trí úsáid mhéadaithe a bhaint as breoslaí malartacha inbhuanaithe, acmhainneacht mhéadaithe agus laghdú moilleanna, agus an leibhéal sábháilteachta is fearr is féidir á choinneáil san am céanna. Ba cheart don Choimisiún staidéar féidearthachta a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag modhnú muirear ar aerthracht agus ar gheallsealbhóirí, agus ar rannchuidiú an mhodhnaithe sin chun cuspóirí an Aerspáis Eorpaigh Aonair a bhaint amach.
- (30)
- (30a) Ba cheart sásraí a bhunú i dtaca leis na spriocanna feidhmíochta, amhail síneadh a chur leo, tréimhse thagartha leanúnach a chur ar fionraí, nó oiriúnú a dhéanamh orthu thar thréimhse thagartha, chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais shuntasacha nach féidir a thuairisc a mbeadh tionchar ábhartha acu ar chur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, i gcás ina bhféadfadh diall suntasach ó réamhaisnéisí tráchta a bheith ann.
- (30b) Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 258 CFAE, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na Ballstáit i ndáil le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach faoi na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé tuairim a eisiúint maidir le cibé acu ar comhlíonadh na ceanglais sin nó nár comhlíonadh.
- (31) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le trédhearcacht chuntais na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, mar bhealach amháin chun tras-fhóirdheonú agus saobhadh ina dhiaidh sin a chosc.
- (32) Ba cheart d'fheidhmeanna gréasáin rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe an chórais aeriompair agus tacú le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a bhaint amach. Ba cheart go n-éascófaí leo go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as an aerspás agus as acmhainní tearca ar bhealach inbhuanaithe, éifeachtúil agus glas, go mbeidís i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla agus bonneagar gréasáin BAT na hEorpa á imlonnú, agus go mbeadh tacaíocht ar fáil leo i gcás géarchéimeanna gréasáin.

- (32a) Ní mór roinnt feidhmeanna gréasáin, amhail bainistíocht na sreibhe aerthrachta, a bheith á gcomhordú go lárnach ag comhlacht aonair amháin chun tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ag na geallsealbhóirí oibríochtúla ábhartha. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhainisteoir Gréasáin roinnt cúraimí a chuireann le cur i gcrích na bhfeidhmeanna sin a chur i gcrích, agus ba cheart go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha oibríochtúla go léir bainteach lena ghníomhaíocht. Ba cheart cúraimí sonracha an Bhainisteora Gréasáin a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún an Bainisteoir Gréasáin a cheapadh. Ba cheart don Choimisiún Eurocontrol a cheapadh, i bhfianaise an tsaineolais fairsing atá ag an eagraíocht sin i réimse na heitlíochta, nó comhlacht neamhchlaonta inniúil eile, chun na cúraimí sin a chur i gcrích.
- (33) Ba cheart do gheallsealbhóirí oibríochtúla, a bhfuil orthu feidhmeanna gréasáin a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal oibríochtúil, mar aon leis na Ballstáit, a bheith rannpháirteach go hiomlán i gcur chun feidhme na bhfeidhmeanna sin agus sa phróiseas cinnteoireachta. Dá réir sin, ba cheart don Bhainisteoir Gréasáin bearta a dhéanamh trí chinnteoireacht chomhoibritheach a bheadh bunaithe go háirithe ar an gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí oibríochtúla agus leis na Ballstáit agus ar shocruithe mionsonraithe oibre agus ar phróisis oibríochta. Sa phróiseas cinnteoireachta comhoibritheach sin, ba cheart leas an ghréasáin a chur chun cinn a mhéid is féidir, gan dochar do riachtanais slándála agus cosanta, agus ionas go réiteofar saincheistean agus go dtiocfar ar chomhthoil nuair is féidir. Thairis sin, chun rialachas iomchuí a bhaineann le cur i gcrích na bhfeidhmeanna gréasáin a áirithiú, ba cheart Bord Bainistíochta Gréasáin a bhunú, a áiritheoidh go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar leasanna na ngníomhaithe uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na bhfeidhmeanna sin. Gan dochar don chomhairliúchán leis an mBord Bainistíochta Gréasáin maidir le cinntí rialála nó straitéiseacha amhail an Plean Straitéise Gréasáin a fhorghuiniú, ba cheart na bearta arna nglacadh trí chinnteoireacht chomhoibríoch agus ag an mBord Bainistíochta Gréasáin a bheith oibríochtúil nó teicniúil, lena n-áiríteofar oibriú an ghréasáin ó lá go lá i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo . Ba cheart cumhachtaí cinnteoireachta an Bhainisteora Gréasáin agus an Bhoird Bainistíochta Gréasáin, chomh maith le raon feidhme an phróisis cinnteoireachta comhair, a shainiú go soiléir. Ba cheart gníomhartha arna nglacadh faoi chuimsiú na bhfeidhmeanna gréasáin a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach de réir mar is iomchuí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh.

(34)

(35)

(36) Maidir le soláthar faisnéise aerloingseoireachta atá iomlán, ar ardchaighdeán, agus tráthúil, tá tionchar suntasach aige ar an tsábháilteacht agus ar éascú na rochtana ar aerspás an Aontais agus na féidearthachtaí chun gluaiseacht laistigh den aerspás sin. Ba cheart rochtain ar na sonraí sin a éascú trí bhonneagar iomchuí faisnéise .

(37) Níl ach aon dóigh amháin ann leis an aerspás a úsáid ar bhealach sábháilte éifeachtúil, is é sin trí dhlúthchomhar idir úsáideoirí sibhialta agus úsáideoirí míleata aerspáis, rud atá bunaithe den chuid is mó, go hiarbhrí, ar choincheap na húsáide solúbtha aerspáis agus ar chomhordú éifeachtach idir lucht sibhialta agus lucht míleata mar atá leagtha síos ag ICAO. D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an choincheapa seo a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh laistigh de theorainneacha an chomhbheartais iompair agus gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát ar a n-aerspás.

(38) Tá tionscadal SESAR dírithe ar fhorbairt an aeriompair a chumasú ar bhealach sábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tríd an gcóras BAT Eorpach agus domhanda a nuachóiriú. D'fhonn cur le héifeachtacht iomlán an tionscadail, ba cheart comhordú cuí idir céimeanna an tionscadail a áirithiú. Ba cheart don Mháistirphlean BAT Eorpach a bheith mar thoradh ar chéim shainithe SESAR, agus rannchuidiú leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a bhaint amach.

(39) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag coincheap na gcomhthionscadal na hathruithe oibríochtúla rithábhachtacha a sainaithníodh sa Mháistirphlean BAT don Eoraip a bhfuil tionchar ar fud an ghréasáin acu a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil, comhordaithe agus sioncrónaithe. Ba cheart é a bheith de chúram ar an gCoimisiún anailís costais is tairbhe a dhéanamh i ndáil leis an gcistiú d'fhonn dlús a chur le himlonnú thionscadal SESAR.

(40) Trí chomhlíonadh na gceanglas maidir le córais agus comhdhamhnaí BAT arna mbunú le Rialachán (AE) 2018/1139, ba cheart go n-áiritheofaí idir-inoibritheacht na gcóras agus na comhdhamhnaí sin, chun tairbhe don Aerspáis Eorpaigh Aonair.

(41)

- (42) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir le hainmniú CAF, le cur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a shocrú, critéir agus nósanna imeachta maidir le measúnú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta agus spriocanna feidhmíochta na soláthraithe seirbhísí aerthráhta agus an Bhainisteora Gréasáin, measúnú agus formhuiniú na bpleananna feidhmíochta, faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht, rialacha maidir le soláthar faisnéise ar chostais agus ar mhuirir, ábhar agus bunú an bhoinn costais le haghaidh muirear agus leagan síos rátaí aonaid do sheirbhísí aerloingseoireachta, sásraí dreasachta agus comhroinnte riosca, rialacha maidir le cur i gcrích feidhmeanna gréasáin, ceapadh an Bhainisteora Gréasáin agus na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann leis an gceapadh sin, mar aon le tascanna an Bhainisteora Gréasáin, an Bord Bainistíochta Gréasáin, an próiseas cinnteoireachta comhoibrithí agus na sásraí rialachais ceanglais a bhaineann le hinfhaighteacht sonraí oibríochtúla, cur i bhfeidhm choincheap na húsáide solúbtha aerspáis, bunú comhthionscadal agus na sásraí rialachais a bhaineann leo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, níor cheart don Choimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh.
- (43) Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta agus gairmiúla faoi seach a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr i ndáil leis na bearta go léir a bhfuil impleachtaí suntasacha sóisialta ag baint leo agus ba cheart dul i gcomhairle leo ar bhealach níos fearr maidir le bearta den sórt sin. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart dul i gcomhairle freisin leis an gCoiste um Agallamh Earnálach a cuireadh ar bun faoi Chinneadh 98/500/CE ón gCoimisiún¹⁴.
- (44) Na pionóis dá bhforáiltear maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, ba cheart iad a bheith éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach, gan an tsábháilteacht a laghdú.

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

¹⁴ IO L 225, 12.8.1998, lch. 27.

(44b) Níor cheart don Rialachán seo a chosc ar na Ballstáit na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun leasanna slándála bunriachtanacha nó leasanna beartais cosanta a choimirciú. Ina theannta sin, ní dhéanann sé difear do chumhacht na mBallstát forálacha a ghlacadh maidir lena bhfórsaí armtha a eagrú. Tharlódh go dtabharfadh an chumhacht sin ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh aerspás leordhóthanach ag a gcuid fórsaí armtha chun críocha leormhaithe oideachais agus oiliúna. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh do chlásal coimircí chun gur féidir an chumhacht sin a fheidhmiú.

(45)

(46) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit astu féin cuspóir an Rialacháin seo, is é sin an tAerspás Eorpach Aonair a chur chun feidhme, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir, de dhroim scála trasnáisiúnta na gníomhaíochta, é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha le haghaidh chruthú agus fheidhmiú éifeachtach an Aerspáis Eorpaigh Aonair chun caighdeáin sábháilteachta aerthrachta a dhaingniú, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe an chórais aerthrachta agus feidhmíocht fhoriomlán an chórais aerthrachta agus seirbhísí aerloingseoireachta a fheabhsú le haghaidh gnáth-aerthracht san Eoraip, d’fhonn freastal ar riachtanais úsáideoirí uile an aerspáis. Cuimseoidh an t-Aerspás Eorpach Aonair gréasán comhleanúnach pan-Eorpach, aerspás a ndéanfar comhtháthú air de réir a chéile, córais bhainistíochta gréasáin agus córais bhainistíochta aerthrachta, bunaithe ar nithe a bhaineann le sábháilteacht, éifeachtúlacht ar an idir-inoibritheacht agus ar an nuachóiriú teicneolaíochta, ar mhaithe leis na húsáideoirí aerspáis uile, leis na saoránaigh agus leis an gcomhshaol.

2. Beidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo gan dochar do cheannasacht na mBallstát ar a n-aerspás agus do cheanglais na mBallstát a bhaineann leis an ord poiblí, leis an tslándáil phoiblí agus le hábhair chosanta, mar a leagtar amach iad in Airteagal 44. Ní chlúdaítear oibríochtaí míleata ná traenáil mhíleata leis an Rialachán seo. Áiritheofar go ndéanfar comhordú leis na húdaráis mhíleata chun aon tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme an Rialacháin seo ar ghníomhaíochtaí míleata a shainaithint.

3. Beidh feidhmiú an Rialacháin seo gan dochar do chearta agus do dhualgais na mBallstát faoi Choinbhinsiún Chicago 1944 ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’). Sa chomhthéacs seo, tá sé mar aidhm ag an Rialachán seo, i dtaca leis na réimsí a chlúdaítear ann, go dtabharfar cabhair do na Ballstáit i ndáil le comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago trí bhonn a sholáthar maidir le léirmhíniú coiteann agus cur chun feidhme aonfhoirmeach a chuid forálacha agus trína áirithiú go dtugtar aird chuí ar na forálacha sin sa Rialachán seo agus sna rialacha a tharraingeofar suas chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

4. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an aerspás laistigh de réigiún EUR de ICAO i gcás ina bhfuil sé de fhreagracht ar na Ballstáit seirbhísí aerthrachta a sholáthar i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfaidh na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm freisin maidir le haerspás atá faoina gcúram taobh istigh de réigiúin eile ICAO, ar an gcoinníoll go gcuireann siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn ‘seirbhís rialaithe aeradróim’ aon seirbhís rialaithe aerthrachta (ATC) le haghaidh trácht aeradróim;
2. ciallaíonn ‘seirbhís faisnéise aerloingseoireachta’ seirbhís, atá bunaithe laistigh de limistéar atá sainithe i gcomhair clúdaigh, agus a bhfuil freagracht uirthi as soláthar na faisnéise agus na sonraí aerloingseoireachta is gá le haghaidh shábháilteacht, rialtacht agus éifeachtúlacht na haerloingseoireachta;
- 2a. Ciallaíonn ‘Gníomhaireacht’ Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1139;
3. ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta’ aon eintiteas poiblí nó príobháideach a sholáthraíonn seirbhís aerloingseoireachta amháin nó níos mó don ghnáth-aerthracht;
4. ciallaíonn ‘seirbhísí aerloingseoireachta’ (SAL) ‘seirbhísí aerthrachta; seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais (CLF) lena n-áirítear seirbhísí a mhéadaíonn comharthaí arna n-astú ag satailítí lárchnuasaigh de GNSS chun críche aerloingseoireachta; seirbhísí meitéareolaíochta le haghaidh aerloingseoireachta (SM); seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta (SFA); agus seirbhísí sonraí aerthrachta (SSA);
5. ciallaíonn ‘seirbhís rialaithe aerthrachta (ATC)’ seirbhís a sholáthraítear chun na gcríoch seo a leanas:
 - (a) imbhuailtí a chosc:
 - (i) idir aerárthaí;

(ii) sa limistéar ainlithe eitilte idir aerárthaí agus bacainní;

(b) sreabhadh rianúil aerthrachta a éascú agus a choinneáil;

6. ciallaíonn ‘seirbhísí sonraí aerthrachta’ seirbhísí lena ndéantar sonraí oibríochtúla ó sholáthraithe seirbhísí faireachais, ó sholáthraithe SM agus SFA agus feidhmeanna gréasáin agus ó eintitis ábhartha eile a ghineann sonraí oibríochtúla, a bhailiú, a chomhlánú, agus a chomhtháthú, agus soláthar sonraí próiseáilte chun críoch rialaithe agus bainistíochta aerthrachta;

8. Ciallaíonn ‘bainistíocht na sreibhe aerthrachta’ (ATFM) feidhm a bunaíodh chun cur le sreabhadh sábháilte rianúil gasta aerthrachta lena gcumhdaítear an ruthag iomlán trína áirithiú go n-úsáidtear an oiread is féidir d’acmhainneacht ATC agus go luíonn méid an aerthrachta leis an acmhainneacht a dhearbhaíonn na soláthraithe seirbhísí aerthrachta iomchuí;

9. Ciallaíonn ‘bainistíocht aerthrachta (BAT)’ comhiomlán na bhfeidhmeanna agus na seirbhísí san aer agus ar talamh (seirbhísí aerthrachta, bainistíocht an aerspáis agus bainistíocht na sreibhe aerthrachta), lena n-áirítear dearadh nósanna imeachta eitiltí; a bhfuil gá leo chun gluaiseacht shábháilte éifeachtúil aerárthaí a áirithiú le linn chéimeanna uile na n-oibríochtaí;

10. Ciallaíonn ‘seirbhísí aerthrachta’ na seirbhísí faisnéise eitilte, na seirbhísí foláirimh, na seirbhísí comhairleacha aerthrachta agus na seirbhísí ATC éagsúla (seirbhísí rialaithe limistéir, seirbhísí rialaithe ascnaimh agus seirbhísí rialaithe aeradróim);

11. Ciallaíonn ‘bloc aerspáis’ aerspás de thoisí sainithe, de réir spáis agus ama, ina bhfuil struchtúr aerspáis amháin nó níos mó, ina soláthraítear seirbhísí aerloingseoireachta;

12. Ciallaíonn ‘bainistíocht aerspáis’ feidhm phleanála agus mhaoirseachta arb é is príomhchuspóir di úsáid an aerspáis atá ar fáil a optamú trí chomhroinnt ama dhinimiciúil agus, uaireanta, trí aerspás a leithscaradh idir catagóirí éagsúla úsáideoirí aerspáis ar bhonn riachtanais ghearrthéarmacha;

13. ciallaíonn ‘struchtúr aerspáis’ méid sonraithe aerspáis a shainítear d’fhonn oibriú sábháilte agus optamach na bainistíochta aerthrachta a áirithiú;

14. Ciallaíonn ‘úsáideoirí aerspáis’ oibreoirí aerárthaí a oibrítear i gcomhréir le rialacha gnáth-aerthrachta;
15. Ciallaíonn ‘seirbhís foláirimh’ seirbhís a sholáthraítear chun fógra a thabhairt do na heagraíochtaí ábhartha maidir le haerárthaí nach mór cúnamh cuardaigh agus tarrthála a thabhairt dóibh agus chun cabhrú leis na heagraíochtaí sin de réir mar is gá;
16. Ciallaíonn ‘seirbhís rialaithe ascnaimh’ aon seirbhís ATC le haghaidh eitiltí rialaithe atá ag teacht nó ag imeacht;
17. Ciallaíonn ‘seirbhís rialaithe limistéir’ aon seirbhís ATC i gcomhair eitiltí rialaithe i limistéir rialaithe;
18. Ciallaíonn ‘luach bonnlíne’ an luach a shainítear chun spriocanna feidhmíochta a shocrú agus a mheastar trí úsáid a bhaint as meastachán ar chostais iarbhair nó le costais aonaid iarbhair le linn na bliana roimh thús na tréimhse tagartha ábhartha;
19. Ciallaíonn ‘grúpa tagarmhairc’ grúpa soláthraithe seirbhísí aerthrachta ina bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil;
20. Ciallaíonn ‘luach miondealaithe’ an luach a fhaightear le haghaidh soláthraí seirbhíse áirithe, trí sprioc feidhmíochta ar fud an Aontais a bhriseadh síos go dtí leibhéal soláthraí seirbhísí aerthrachta amháin nó níos mó agus a úsáidfear mar thagairt chun measúnú a dhéanamh idir comhsheasmhacht na sprice feidhmíochta a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta agus an sprioc feidhmíochta ar fud an Aontais;
21. Ciallaíonn ‘deimhniú’ deimhniú mar a shainítear é in Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) 2018/1139;
22. Ciallaíonn ‘seirbhís choiteann faisnéise’ (SCF) seirbhís arb é atá inti scaipeadh sonraí statacha agus dinimiciúla chun soláthar na seirbhísí U-spáis a chumasú chun trácht aerárthaí gan foireann a bhainistiú;
23. Ciallaíonn ‘seirbhísí cumarsáide’ seirbhísí seasta agus soghluaiste aerloingseoireachta lenar féidir cumarsáid talamh go talamh, aer go talamh agus aer go haer a dhéanamh chun críocha ATC;
24. Ciallaíonn ‘comhdhamhnaí’ réada inlámhsithe amhail cruu-earraí agus réada doláimhsithe amhail bogearraí a mbíonn idir-inoibritheacht an Ghréasáin Eorpaigh um Bainistíocht Aerthrachta (EATMN) ag brath orthu;

25. Ciallaíonn ‘limistéar rialaithe’ aerspás rialaithe a shíneann suas ó theorainn shonrach os cionn an domhain;
26. Ciallaíonn ‘cinnteoireacht chomhoibritheach’ próiseas ina ndéantar cinntí bunaithe ar idirghníomhaíocht agus ar chomhairliúchán le húdaráis ábhartha na mBallstát leis na páirtithe leasmhara oibríochtúla agus le gníomhaithe eile de réir mar is iomchuí chun teacht ar chomhthoil;
27. Ciallaíonn ‘seirbhísí trasteorann’ seirbhísí aerloingseoireachta arna gcur ar fáil i mBallstát amháin ag soláthraí seirbhísí a bhfuil a phríomháit ghnó i mBallstát eile aige;
28. Ciallaíonn ‘dearbhu’, chun críoch bainistíochta seirbhísí aerthrachta agus aerloingseoireachta, dearbhu mar a shainítear é in Airteagal 3(10) de Rialachán (AE) 2018/1139;
30. Ciallaíonn ‘limistéar muirearaithe faoi bhealach’ méid aerspáis a shíneann ón talamh suas go dtí an t-aerspás uachtarach agus an t-aerspás sin san áireamh áit ina soláthraítear seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus dá bhfuil bonn costais aonair agus ráta aonaid aonair bunaithe;
31. ’is é ‘EUROCONTROL’ an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta an 13 Nollaig 1960 maidir le Comhoibriú um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta;
32. Ciallaíonn ‘an Gréasán Eorpach um Bainistíocht Aerthrachta’ (EATMN) na córais, dá dtagraítear i bpointe 3.1 d’Iarscríbhinn VIII de Rialachán (AE) 2018/1139 córais lena gcumasaítear seirbhísí aerloingseoireachta a chur ar fáil san Aontas, lena n-áirítear ag na comhéadain ag teorainneacha le tríú tíortha;
33. Ciallaíonn ‘an Máistirphlean BAT don Eoraip’ an plean lenar thacaigh Cinneadh 2009/320/CE ón gComhairle¹⁵, agus mar a leasaíodh é ina dhiaidh sin;
34. Ciallaíonn ‘úsáid sholúbtha an aerspáis’ coincheap bainistithe aerspáis, mar atá sonraithe ag ICAO, atá bunaithe ar an mbunphrionsabal nár cheart aerspás a ainmniú mar aerspás fíorshibhialta nó fíormhíleata, ach gur cheart é a mheas mar chontanaim ina gcaithfear freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí uile a mhéid is féidir;

¹⁵ IO L 95, 9.4.2009, lch. 41.

35. Ciallaíonn ‘seirbhís faisnéise eitiltí’ seirbhís a sholáthraítear chun comhairle agus faisnéis a thabhairt atá úsáideach chun eitiltí a sheoladh go sábháilte agus go héifeachtúil;

35b. Ciallaíonn "bloc feidhme aerspáis" bloc aerspáis atá bunaithe ar riachtanais oibríochtúla agus a bhunaítear gan spleáchas do theorainneacha Stáit, ar bloc é ina bhfuil soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta agus na bhfeidhmeanna gaolmhara bunaithe ar fheidhmíocht agus ina mbaintear an úsáid is fearr as na nithe sin d’fhonn comhar feabhsaithe i measc soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó, i gcás inarb iomchuí, soláthraí comhtháite a thabhairt isteach i ngach bloc feidhme aerspáis;

35c. Ciallaíonn ‘dearadh nósanna imeachta eitilte’ na cúraimí uile a bhaineann le nós imeachta uirlisí eitilte a dhearadh;

36. Ciallaíonn ‘gnáth-aerthracht’ gach gluaiseacht aerárthaí sibhialta, chomh maith le gach gluaiseacht aerárthaí Stáit (lena n-áirítear aerárthaí míleata, custaim agus póilíneachta) i gcás ina ndéantar na gluaiseachtaí sin i gcomhréir le nósanna imeachta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), a bunaíodh le Coinbhinsiún Chicago;

37. Ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’ sraith airíonna feidhmiúla, teicniúla agus oibríochtúla a cheanglaítear ar chórais agus ar chomhdhamhnaí EATMN agus ar na nósanna imeachta maidir lena oibriú, ionas gur féidir é a oibriú go sábháilte, go rianúil agus go héifeachtúil;

38. Ciallaíonn ‘seirbhísí meitéareolaíocha aerloingseoireachta’ (SM) na saoráidí agus na seirbhísí lena gcuirtear ar fáil réamhaisnéisí meitéareolaíocha, rabhaidh, faisnéisithe agus breathnóireachtaí chun críoch aerloingseoireachta chomh maith le haon fhaisnéis mheitéareolaíoch eile nó sonraí meitéareolaíocha eile a sholáthraíonn Stáit chun críche aerloingseoireachta;

39. ciallaíonn ‘údarás inniúil náisiúnta’ na heintitis mar a shainmhínítear iad i bpointe (34) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1139;

40. ciallaíonn ‘údarás maoirseachta náisiúnta’ an comhlacht náisiúnta nó na comhlachtaí náisiúnta ar chuir Ballstát cúraimí air nó orthu faoin Rialachán seo;

41. ciallaíonn ‘seirbhísí loingseoireachta’ na saoráidí agus na seirbhísí a chuireann faisnéis faoi shuíomh agus faoi uainiú ar fáil d’aerárthaí;

42. ciallaíonn ‘géarchéim ghréasáin’ neamhábaltacht seirbhísí bainistíochta aerthrachta agus/nó aerloingseoireachta a chur ar fáil ar an leibhéal a éilítear agus caillteanas mór acmhainneachta gréasáin mar thoradh air sin, nó ciallaíonn sé míchothromaíocht mhór idir acmhainneacht an ghréasáin agus éileamh, nó cliseadh mór sa sreabhadh faisnéise nó sa tsláine faisnéise i gcuid amháin nó i gcodanna áirithe den ghréasán tar éis staid neamhghnách nó staid nach raibh coinne léi;

43. Ciallaíonn ‘Bainisteoir Gréasáin’ an t-eintiteas ar cuireadh na cúraimí is gá air chun rannchuidiú le cur i gcrích na bhfeidhmeanna gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 26 i gcomhréir le hAirteagal 27;

43a. Ciallaíonn ‘Plean Oibríochtúil Gréasáin (NOP)’ plean arna bhunú trí bhíthin na cinnteoireachta comhoibrithí lena gcuirtear chun feidhme, ar an leibhéal oibríochtúil, cuspóirí na bhfeidhmeanna gréasáin agus lena rannchuidítear le baint amach na bhfeidhmeanna oibríochtúla;

43b. Ciallaíonn ‘Plean Straitéise Gréasáin’ plean a bhunaítear trí phróiseas cinnteoireachta comhoibrithí lena dtreoraítear forbairt fhadtéarmach an ghréasáin;

43c. Ciallaíonn ‘aerthracht oibríochtúil’ gach eitilt nach gcomhlíonann na forálacha atá sonraithe maidir le gnáth-aerthracht agus a bhfuil rialacha agus nósanna imeachta sonraithe ina leith ag na húdaráis náisiúnta iomchuí;

44. ciallaíonn ‘sonraí oibríochtúla’ faisnéis a bhaineann le gach céim eitilte a bhfuil gá ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, ag úsáideoirí aerspáis, ag oibreoirí aerfoirt agus ag gníomhairí bainteacha eile léi chun críoch oibríochtúla ;

44a. ciallaíonn ‘geallsealbhóirí oibríochtúla’ úsáideoirí sibhialta agus míleata an aerspáis, soláthraithe sibhialta agus míleata seirbhísí aerloingseoireachta, mar aon le hoibreoirí aerfort;

45. ciallaíonn ‘plean feidhmíochta’ plean atá dírithe ar fheidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta agus na bhfeidhmeanna gréasáin a fheabhsú;

46. ciallaíonn ‘cur i seirbhís’ an chéad úsáid oibríochtúil i ndiaidh na suiteála tosaigh nó i ndiaidh uasghrádú córais;

47. ciallaíonn ‘gréasán bealaí’ gréasán de bhealaí sonraithe lena gclasaítear sreabhadh an ghnáth-aerthrachta de réir mar is gá chun seirbhísí ATC a sholáthar;

48. ciallaíonn ‘céim shainithe SESAR’ an chéim lena mbunaítear agus lena nuashonraítear fis fhadtéarmach thionscadal SESAR, an coincheap gaolmhar oibríochtaí lena gcumasaítear feabhsaithe ag gach céim den eitilt, na hathruithe riachtanacha oibríochtúla is gá laistigh de EATMN agus na tosaíochtaí forbartha agus imlonnaithe is gá;
49. ciallaíonn ‘céim imscartha SESAR’ na céimeanna leantacha den tionsclaíocht agus den chur chun feidhme, a ndéantar na gníomhaíochtaí seo a leanas lena linn: caighdeánú, táirgeadh agus deimhniú an trealamh talún, an trealamh a bhíonn ar bord agus na bpróiseas is gá chun réitigh SESAR (tionsclú) a chur chun feidhme; agus trealamh agus córais atá bunaithe ar réitigh SESAR a sholáthar, a shuiteáil, agus a chur i seirbhís, lena n-áirítear nósanna imeachta oibríochtúla gaolmhara (cur chun feidhme);
50. ciallaíonn ‘céim forbartha SESAR’ an chéim a ndéantar gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus bailíochtaithe lena linn ina ndírítear ar réitigh SESAR aibí a sholáthar;
51. ciallaíonn ‘tionscadal SESAR’ an tionscadal lena ndéantar nuachóiriú ar bhainistíocht aerthráchta san Eoraip, lena ndírítear ar bhonneagar bainistíochta aerthráchta ardfheidhmíochta caighdeánaithe agus idir-inoibritheach a chur ar fáil san Aontas, bonneagar ina bhfuil timthriall nuálaíochta lena n-áirítear céim shainithe SESAR, céim forbartha SESAR agus céim imlonnaithe SESAR;
52. ciallaíonn ‘réiteach SESAR’ aschur in-imscartha de chéim forbartha SESAR lena dtugtar isteach nósanna imeachta oibríochtúla idir-inoibritheacha caighdeánaithe nó teicneolaíochtaí nua nó feabhsaithe;
53. ciallaíonn ‘seirbhísí faireachais’ na saoráidí agus na seirbhísí a úsáidtear chun suíomhanna aerárthaí ar leithligh a chinneadh ionas gur féidir iad a scaradh go sábháilte ó chéile;
54. ciallaíonn ‘córas’ comhiomlán na gcomhdhamhnaí san aer agus ar talamh, chomh maith le trealamh i spás, lena dtugtar tacaíocht do sheirbhísí aerloingseoireachta ag gach céim eitilte;
56. ciallaíonn ‘limistéir muirearaithe críochfoirt’ aerfort nó grúpa aerfort laistigh de chríocha Ballstáit nó Ballstát ina gcuirtear seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt ar fáil agus a bhfuil bonn costais aonair agus ráta aonaid aonair bunaithe ina leith;

57. ciallaíonn ‘uasghrádú’ aon mhodhnú a athraíonn saintréithe oibriúcháin córais.

Airteagal 2a

Bloic feidhme aerspáis

1. Féadfaidh na Ballstáit bloc feidhme aerspáis a bhunú ar mhaithe le comhar agus comhordú níos fearr a fhorbairt d'fhonn feidhmíocht an ghréasáin bainistíochta aerthráchta a chothú laistigh den Aerspás Eorpach Aonair. Gan dochar d'Airteagal 5(3) go (5a) den Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí uile nó cuid dá n-oibleagáidí faoi Airteagail 3, 4, 5, 7, 7a, 8, 10, 13, 13a, 13b agus 17 den Rialachán seo agus de na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ar a mbonn sin a fheidhmiú ar leibhéal an bhloic feidhme aerspáis a chur i gcrích i gcomhpháirt le chéile.
2. Más ábhartha, féadfaidh tríú tíortha a bheidh páirteach sna bloic feidhme aerspáis a bheith i gceist leis an gcomhar sin freisin.
4. Bunófar bloic feidhme aerspáis trí bhíthin comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, na tríú tíortha sin a bhfuil freagracht orthu as aon chuid den aerspás a chumhdaítear faoin mbloc feidhme aerspáis. Cuirfear in iúl don Choimisiún an comhaontú mar aon le liosta na n-oibleagáidí a bhfuil rún ag na Ballstáit iad a chur chun feidhme i gcomhpháirt le chéile.

CAIBIDIL II

ÚDARÁIS MHAIRSEACHTA NÁISIÚNTA

Airteagal 3

Ainmniúchán, bunú agus ceanglais maidir le húdaráis mhairseachta náisiúnta

1. Déanfaidh na Ballstáit, go comhpháirteach nó go leithleach, comhlacht nó comhlachtaí a ainmniú nó a bhunú mar údarás mairseachta náisiúnta d'fhonn na cúraimí a ghlacadh chuige féin a shanntar d'údarás den sórt sin leis an Rialachán seo.
2. Feidhmeoidh a n t-údarás mairseachta náisiúnta a chuid cumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, neamhspleách agus trédhearcach agus beidh siad eagraithe, soláthraithe le foireann, bainistithe agus maoinithe dá réir.
3. Beidh na húdaráis mhairseachta náisiúnta neamhspleách freisin ar aon soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta maidir lena n-eagrúchán, lena n-ordlathas agus lena gcinnteoireacht, go háirithe trí choinbhleachtaí leasa leis na soláthraithe seirbhísí a sheachaint. Ní chuirfidh an neamhspleáchas sin cosc ar an údarás sin agus ar na soláthraithe seirbhíse sin a bheith ina gcuid den státseirbhís, den eintiteas poiblí nó den riarachán céanna.

4. Féadfaidh na Ballstáit údaráis a bhunú atá inniúil ar roinnt earnálacha rialáilte, ar choinníoll go gcomhlíonann na húdaráis chomhtháite rialála sin na ceanglais neamhspleáchais a leagtar amach san Airteagal seo. Go háirithe, féadfaidh an t-údarás náisiúnta iomaíochta a bheith comhpháirteach maidir lena struchtúr eagraíochtúil le húdaráis phoiblí eile, go háirithe leis an údarás náisiúnta iomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle¹⁶, leis an údarás inniúil náisiúnta nó, más infheidhme, le húdarás náisiúnta iompair, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhchomhlacht a bhunaítear leis seo na ceanglais neamhspleáchais a leagtar amach san Airteagal seo.

9. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh ainmneacha agus sheoltaí na n-údarás maoirseachta náisiúnta, agus aon athruithe a dhéanfar orthu, chomh maith le fógra maidir leis na bearta a dhéantar chun comhlíonadh an Airteagail seo a áirithiú.

Airteagal 4

Cúraimí na n-údarás maoirseachta náisiúnta

1. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta na cúraimí a leagtar air faoin Rialachán seo agus faoi na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a chur i gcrích, go háirithe na cúraimí a leanas:

- (a) a fhíorú go ndéanann na soláthróirí seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 7(1a)b) agus Airteagal 8(4)d) na ceanglais náisiúnta slándála agus chosanta a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm;
- (c) an socrú praghsanna do sholáthar CIS a mheas agus a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 9;
- (d) cúraimí atá nasctha le hullmhú an dréachtphlean feidhmíochta, lena n-áirítear critéir a shocrú maidir le leithdháileadh costais, agus socrú spriocanna feidhmíochta, monatóireacht feidhmíochta agus na scéimeanna muirearaithe mar a leagtar amach, agus laistigh dá dteorainneacha, in Airteagail 10 go 13b, 17 agus 19 go 22 agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 23;

¹⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

- (e) maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le trédhearcacht cuntas i gcomhréir le hAirteagal 25, agus iniúchadh nó fíorú agus formheas a dhéanamh ar na sonraí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 25(4).

3. Déanfaidh gach údarás maoirseachta náisiúnta, i gcomhar leis an údarás inniúil náisiúnta i gcás gur eintiteas eile atá i gceist, na gníomhaíochtaí riachtanacha monatóireachta, lena n-áirítear, mar is iomchuí, cigireachtaí agus iniúchtaí chun neamhchomhlíonadh féideartha a shainaithint arna ndéanamh ag eintitis atá faoi réir an Rialacháin seo ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin. I gcás neamhchomhlíonadh, cinnfidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta na bearta ceartaithe agus déanfaidh siad na bearta sin a fhorfheidhmiú.

Comhlíonfaidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, na hoibreoirí aerfoirt agus na soláthraithe seirbhísí coiteanna faisnéise lena mbaineann, aon bhearta a ghlacfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta sa chomhthéacs sin. I gcás seirbhísí trasteorann, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, nó a údarás maoirseachta náisiúnta, a iarraidh ar an mBallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe nó ina bhfuil a phríomháit ghnó, nó ar údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit sin, tacaíocht a thabhairt dó chun aon deacrachtaí forfheidhmiúcháin a shárú. Féachfaidh an dá Bhallstát, nó a n-údaráis mhaoirseachta náisiúnta, le comhoibriú le chéile chun na críche sin.

Airteagal 5

Comhar idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta

1. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta faisnéis a mhalartú de réir mar is iomchuí, go háirithe faisnéis a bhaineann lena gcuid oibre agus lena bpróiseas cinnteoireachta, lena ndea-chleachtais agus lena nósanna imeachta agus le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a bheith rannpháirteach agus oibriú le chéile i ngréasán a thiocfaidh le chéile go tráthrialta.
2. Oibreoidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcomhar le chéile, go háirithe agus seirbhísí trasteorann á soláthar agus seirbhísí aerloingseoireachta á soláthar in aerspás atá faoi fhreagracht Ballstáit eile, trí shocruithe oibre, chun críocha cúnamh frithpháirteach a thabhairt agus iad i mbun a gcúraimí faireacháin agus maoirseachta agus imscrúduithe agus suirbhéanna á láimhseáil acu.

3. I gcás soláthar seirbhísí aerloingseoireachta in aerspás a thagann faoi chúram dhá Bhallstát nó níos mó go háirithe i ndáil le bloic feidhme aerspáis, tabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, comhaontú i gcrích maidir leis an maoirseacht atá le déanamh acu féin nó ag a n-údaráis faoin Rialachán seo, ar na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann.

4. I gcás soláthar seirbhísí aerloingseoireachta in aerspás atá faoi chúram Ballstát eile, déanfar foráil sna comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 maidir le haitheantas frithpháirteach na gcúraimí atá le comhlíonadh ag gach Ballstát nó ag a n-údaráis agus a leagtar amach sa Rialachán seo mar aon le torthaí chomhlíonadh na gcúraimí sin. Sonróidh siad freisin an t-údarás maoirseachta náisiúnta a bheidh i gceannas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 4(1).

5. I gcás ina gceadaítear é leis an dlí náisiúnta, d'fhonn comhar réigiúnach a bhaint amach, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta comhaontuithe a thabhairt i gcrích freisin i leith roinnt na bhfreagrachtaí maidir leis na cúraimí maoirseachta.

5a. Na comhaontuithe dá dtagraítear san Airteagal seo, tabharfar fógra don Choimisiún fúthu.

CAIBIDIL III

SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

Airteagal 6

Seirbhísí arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta

2. Gan dochar d'Airteagail 7, 7a agus 8(4) den Rialachán seo, eintiteas a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 40 agus 41 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin, beidh sé i dteideal seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar d'úsáideoirí aerspáis laistigh den Aontas, faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha.

2a. I gcás ina ndéanfaíonn soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta díolúine ón gceanglas deimhniú a shealbhú de bhun Airteagal 41(6) de Rialachán (AE) 2018/1139, féadfaidh an Ballstát sin, in ainneoin mhír 2, cead a thabhairt don soláthraí seirbhísí sin seirbhísí aerloingseoireachta a chur ar fáil sa chuid den aerspás atá faoina chúram ar deonaíodh an díolúine sin ina leith agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin.

3. In ainneoin mhír 2, féadfaidh na Ballstáit seirbhísí aerloingseoireachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3)c) de Rialachán 2018/1139 atá á gcur ar fáil ag an arm a cheadú san aerspás uile nó i gcuid den aerspás atá faoina gcúram gan deimhniúchán agus/nó gan an Rialachán seo á fheidhmiú go hiomlán nó i bpáirt. I gcásanna mar sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún agus na Ballstáit uile ar an eolas faoina chinneadh. Beidh soláthar na seirbhísí sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(5) de Rialachán 2018/1139.

Soláthraithe seirbhísí aerthrachta a ainmniú

1. Áiritheoidh na Ballstáit soláthar seirbhísí aerthrachta ar bhonn eisiach laistigh de bhloic shonracha aerspáis i ndáil leis an aerspás atá faoina bhfreagracht. Chuige seo, ainmneoidh na Ballstáit, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, soláthraí seirbhísí aerthrachta amháin nó níos mó. Beidh cumhacht lánroghnach ag na Ballstáit maidir le soláthraí/soláthraithe seirbhísí aerthrachta a ainmniú, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an soláthraí/na soláthraithe seirbhísí aerthrachta na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo.

1a. Comhlíonfaidh na soláthraithe seirbhísí aerthrachta na coinníollacha carnacha seo a leanas:

- (a) beidh deimhniú bailí acu de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139 nó dearbhú bailí de bhun Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) 2018/1139, mura mbeidh siad díolmhaithe ón gceanglais deimhniúcháin de bhun Airteagal 2(3)c) de Rialachán (AE) 2018/1139;
- (b) comhlíonfaidh siad na ceanglais slándála agus chosanta náisiúnta;
- (c) tá a phríomhionad gnó suite ar chríoch Ballstáit agus
- (d) is le Ballstáit nó le náisiúnaigh de Bhallstáit níos mó ná 50 % den soláthraí seirbhísí agus is iad, dáiríre, a rialaíonn é, bíodh sin go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó, seachas mar a fhoráiltear i gcomhaontú le tríú tír ar páirtí ann an tAontas.

De mhaolú ar phointí c) agus d), féadfaidh Ballstát soláthraí seirbhísí aerthrachta a ainmniú a bhfuil a phríomháiit ghnó i dtríú tír agus/nó nach bhfuil an choinníoll a leagtar amach i bpointe d) maidir le seirbhísí aerthrachta a chur ar fáil i gcuid teoranta den aerspás dá bhfuil an Ballstát freagrach i gcás ina bhfuil cuid de theorainneacha an aerspáis sin faoi fhreagracht an tríú tír sin.

2. Ní bheidh ainmniú na soláthraithe seirbhísí aerthrachta faoi réir aon choinníoll a cheanglaíonn ar na soláthraithe sin:

(a) a bheith faoi úinéireacht dhíreach, nó faoi úinéireacht trí shealúchas tromlaigh, an Bhallstáit ainmniúcháin nó a náisiúnach;

(b) a bpríomhionad oibríochta nó a n-oifig chláraithe a bheith suite i gcríoch an Bhallstáit ainmniúcháin ;

(c) áirítear le feidhmiú coinníollacha mar sin srian gan údar ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar nó ar an tsaoirse bunaíochta.

3. Sonróidh na Ballstáit na cearta agus na hoibleagáidí a bheidh le hurramú ag na soláthraithe seirbhísí aerthrachta arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

4. Cuirfidh Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach faoi aon chinneadh a thagann faoi chuimsiú an Airteagail seo agus a bhaineann le soláthraithe seirbhísí aerthrachta laistigh de bhloic shonracha aerspáis a ainmniú i ndáil leis an aerspáis atá faoina bhfreagracht.

Airteagal 7a

Soláthraithe SM a ainmniú

1. Féadfaidh na Ballstáit soláthraí SM a ainmniú, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, ar bhonn eisiach san aerspás uile nó i gcuid den aerspás atá faoina gcúram, agus cúrsaí sábháilteachta á gcur san áireamh.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas gan mhoill faoi aon chinneadh a rinneadh ar bhonn an Airteagail seo.

Airteagal 7b

An caidreamh idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta

1. Féadfaidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta leas a bhaint as seirbhísí soláthraithe seirbhísí eile a bhfuil deimhniú acu de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139 nó dearbhú bailí de bhun Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) 2018/1139, mura bhfuil siad díolmhaithe ón gceanglas deimhniúcháin de bhun Airteagal 2(3)c) de Rialachán (AE) 2018/1139. Beidh aon chomhar mar sin i gcomhréir le hAirteagal 8 i gcás inarb infheidhme.

I gcás soláthraithe seirbhísí aerthrachta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus soláthraithe SM arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 7a, beidh comhar mar sin faoi réir údarú an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Chun críoch mhír 1, déanfaidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a gcaidreamh oibre a chur ar bhonn foirmiúil trí bhíthin comhaontuithe scríofa nó socruithe dlíthiúla combhionanna, ina leagfar amach na dualgais, lena n-áirítear socruithe airgeadais más infheidhme, agus na feidhmeanna sonracha arna nglacadh ag gach soláthraí. Cuirfear na socruithe sin in iúl don údarás maoirseachta náisiúnta nó do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann.

I gcás soláthraithe seirbhísí aerthrachta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus soláthraithe SM arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 7a, beidh téarmaí an chonartha sin faoi réir fhormheas na mBallstáit lena mbaineann.

Airteagal 8

Coinníollacha maidir le CLF, SFA, SSA, SM agus seirbhísí aerthrachta críochfoirt a sholáthar agus seirbhísí aerthrachta le haghaidh rialú ascnaimh agus rialú aeradróim

1. Gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí arna sainiú ag a Stát ainmniúcháin faoi Airteagal 7(3), féadfaidh soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe a chinneadh seirbhísí CLF, SFA, nó SSA a sholáthar.

1a. Seachas i gcás ina n-ainmneoidh Ballstáit soláthraí SM i gcomhréir le hAirteagal 7a, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí aerthrachta SM a fháil.

1b. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'oibreoirí aerfoirt nó do ghrúpa oibreoirí aerfoirt seirbhísí aerthrachta le haghaidh rialú aeradróim agus/nó seirbhísí aerthrachta le haghaidh rialú ascnaimh a fháil.

I gcás mar sin, beidh na sonraíochtaí tairisceana, lena n-áirítear ceanglais maidir le cáilíocht na seirbhíse, faoi réir fhormheas na mBallstát. Ainmneoidh na Ballstáit an soláthraí seirbhísí arna roghnú mar thoradh ar an soláthar dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Ní fhéadfaidh soláthraí CLF, SFA, SSA, SM nó seirbhísí aerthrachta le haghaidh rialú aeradróim nó rialú ascnaimh a roghnú agus más iomchuí, a ainmniú chun seirbhísí a sholáthar i mBallstát ach amháin mar thoradh ar sholáthar de bhun mhíreanna 1, 1a nó 1b, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas leis:

- (a) beidh deimhniú bailí acu de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139 nó dearbhú bailí de bhun Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) 2018/1139, mura mbeidh siad díolmhaithe ón gceanglais deimhniúcháin de bhun Airteagal 2(3)c) de Rialachán (AE) 2018/1139;
- (b) tá a phríomhionad gnó suite ar chríoch Ballstáit;
- (c) is le Ballstáit nó le náisiúnaigh de Bhallstáit níos mó ná 50 % den soláthraí seirbhísí agus is iad, dáiríre, a rialaíonn é, bíodh sin go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó, seachas mar a fhoráiltear i gcomhaontú le tríú tír ar páirtí ann an tAontas; agus
- (d) comhlíonann an soláthraí seirbhísí ceanglais slándála agus chosanta náisiúnta.

De mhaolú ar phointí b) agus c), aon soláthraí seirbhísí satailíte domhanda ar tugadh deimhniú dó de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1139 chun seirbhísí a chur ar fáil san Aontas sular glacadh an Rialachán seo, féadfar é a roghnú chun seirbhísí mar sin a chur ar fáil san Aontas fiú mura gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i bpointí b) agus c).

5. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 13, 13a, 13b agus 17 ná ag na rialacha cur chun feidhme a bhaineann leis na hAirteagail sin a glacadh ar bhonn Airteagal 18 maidir le seirbhísí SM arna gcur ar fáil ag soláthraithe SM arna roghnú nó maidir leis na soláthraithe seirbhísí aerthrachta arna n-ainmniú de thoradh nós imeachta soláthair arna dhéanamh i gcomhréir le míreanna 1a agus 1b. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí aerthrachta lena mbaineann sonraí ábhartha faoi fheidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta sna príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a) agus i réimse na sábháilteachta don údarás maoirseachta náisiúnta agus don Choimisiún chun críocha faireacháin.

Soláthar seirbhísí coiteanna faisnéise

1. I gcás ina soláthraítear SCF, léireoidh na sonraí a scaipfear an tsláine agus an cháilíocht is gá chun a áirithiú go soláthrófar na seirbhísí go sábháilte agus go slán i dtaca le bainistíocht thrácht na n-aerárthaí gan foireann.

2. Comhlíonfaidh an soláthar SCF na ceanglais charnacha seo a leanas:

- (a) comhlíonfaidh siad na ceanglais slándála agus chosanta náisiúnta;
- (b) tá a phríomhionad gnó suite ar chríoch Ballstáit agus
- (c) is le Ballstáit nó le náisiúnaigh de Bhallstáit níos mó ná 50 % den soláthraí seirbhísí agus is iad, dáiríre, a rialaíonn é, bíodh sin go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó, seachas mar a fhoráiltear i gcomhaontú le tríú tír ar páirtí ann an tAontas.

3. Leagfar amach na costais ar a mbunaítear an praghas le haghaidh SCF i gcuntas a bheidh ar leithligh ó na cuntais a bhaineann le haon ghníomhaíochtaí eile de chuid an oibreora lena mbaineann agus a mbeidh rochtain ag an údarás maoirseachta náisiúnta lena mbaineann air.

I gcás ina gcuirtear SCF ar fáil ar bhonn eisiach, forchuirfidh na Ballstáit go mbeidh an praghas SCF bunaithe ar na costais sheasta agus inathraithe atá ar sholáthar na seirbhíse lena mbaineann agus/nó go n-áirítear air sin uasmharcáil lena léirítear comhbhabhtáil iomchuí idir riosca agus toradh.

4. Beidh an praghas arna shocrú ag an SCF faoi réir mheasúnú agus fhormheas na n-údarás maoirseachta náisiúnta lena mbaineann. Cuirfear praghas seirbhísí mar sin ar fáil go poiblí.

5. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na sonraí is gá le haghaidh oibriú sábháilte aerárthaigh gan foireann in aerspás an Aontais ar fáil, ar bhonn neamh-idirdhealaithe, gan dochar don tslándáil náisiúnta, don ord poiblí ná do leasanna beartais cosanta. Ní bhainfidh soláthraithe SCF úsáid as na sonraí sin ach amháin chun críocha oibríochtúla na seirbhísí a sholáthraíonn siad.

Beidh praghsanna le haghaidh rochtain ar shonraí den sórt sin bunaithe ar na costais bhreise a bhaineann leis na sonraí a chur ar fáil agus ar an gcostas a bhaineann leis na sonraí a ghiniúint, i gcás nach gcumhdaítear na costais sin faoi Airteagal 20 agus mura n-úsáideann na Ballstáit acmhainní airgeadais eile chun na costais sin a chlúdach.

Airteagal 9a

Infhaighteacht sonraí oibríochtúla le haghaidh aerthracht ginearálta agus rochtain ar na sonraí céanna

1. Maidir le haerthracht ginearálta, cuirfidh gach soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta, gach úsáideoir aerspáis, gach aerfort agus an Bainisteoir Gréasáin sonraí oibríochtúla ábhartha ar fáil i bhfíor-am, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus gan dochar don tslándáil náisiúnta, don ord poiblí ná do leasanna beartais cosanta, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann agus ar fud an Aontais. Beidh an infhaighteacht sin chun tairbhe soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta atá deimhnithe nó dearbhaithe, eintitis mhíleata a bhfuil gníomhaíochtaí slándála agus cosanta de chúram orthu, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta míleata, úsáideoirí aerspáis agus aerfoirt chomh maith leis an mBainisteoir Gréasán. Ní úsáidfear na sonraí ach chun críoch oibríochta.

3. Tabharfar rochtain saor in aisce ar na sonraí oibríochtúla ábhartha dá dtagraítear i mír 1 do na húdaráis atá i gceannas ar an tslándáil, ar an ord poiblí, agus ar chosaint, chuig na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, chuig an mBainisteoir Gréasáin, agus chuig an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139.

4. Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), na sonraí sonracha oibríochtúla arna gcumhdach leis an Airteagal seo agus saineoidh sé na mionsonraí teicniúla a bhaineann leis an soláthar sonraí sin.

Airteagal 9b

An Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta

1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF) neamhspleách agus neamhchlaonta a ainmniú. Ní bheidh aon fheidhm rialála nó cumhacht chinnteoireachta eile ag CAF. Bheidh ról CAF teoranta do chomhairle agus do chúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna iarraidh sin, go háirithe, a mhéid a bhaineann le bailiú, scrúdú, bailíochtú, agus scaipeadh sonraí ábhartha chomh maith leis an scéim feidhmíochta a leagtar amach in Airteagail 10 go 18 agus an scéim muirearaithe a leagtar amach in Airteagail 19 go 23 a chur chun feidhme. Beidh an Coimisiún agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta fós freagrach as a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar chur i gcrích cuí chúraimí CAF.

2. I gcás ina gcinneann an Coimisiún CAF a ainmniú de bhun mhír 1, glacfaidh sé, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), rialacha mionsonraithe maidir le, go háirithe, tréimhse ainmniúcháin CAF, comhdhéanamh CAF, an nós imeachta um roghnú agus um cheapachán chomh maith le téarma oifige chomhaltaí CAF, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cathaoirleacht CAF, liúntais, speansais agus luach saothair na gcomhaltaí CAF, cúraimí CAF i gcomhréir agus laistigh de theorainneacha an Rialacháin seo, chomh maith le módúlachtaí maoiniúcháin ghníomhaíochtaí CAF.

Airteagal 10

Scéim feidhmíochta

1. D'fhonn feidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistiú gréasáin san Aerspás Eorpach Aonair a fheabhsú, beidh feidhm ag scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistiú gréasáin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 11 go 18.
2. Cuirfear an scéim feidhmíochta chun feidhme thar thréimhsí tagartha, tréimhsí a mhairfidh trí bliana ar a laghad agus cúig bliana ar a mhéad. Beidh an méid seo a leanas sa scéim feidhmíochta:
 - (a) spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus iad faoi bhealach i dtaca leis na príomhréimsí feidhmíochta a bhaineann leis an gcomhshaol, le hacmhainneacht agus le costéifeachtúlacht le haghaidh gach tréimhse tagartha;
 - (b) pleananna feidhmíochta lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta ceangailteacha agus i gcás inarb infheidhme, scéimeanna dreasachtaí i dtaca leis na príomhréimsí feidhmíochta a luaitear i bpointe (a) le haghaidh gach tréimhse thagartha;
 - (c) athbhreithniú tréimhsiúil, faireachán tréimhsiúil agus tagarmharcáil thréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht i dtaca leis na príomhréimsí feidhmíochta a luaitear i bpointe (a) agus i bhfianaise na dtáscairí ábhartha sábháilteachta a shainítear i gcomhar leis an nGníomhaireacht.
3. Beidh an scéim feidhmíochta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 bunaithe ar an méid seo a leanas:

- (a) bailiú, bailíochtú, scrúdú, meastóireacht agus scaipeadh sonraí ábhartha a bhaineann le feidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistiú gréasáin a thagann ó na páirtithe ábhartha go léir, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, úsáideoirí aerspáis, oibreoirí aerfoirt, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, na húdaráis inniúla náisiúnta, agus na húdaráis eile náisiúnta, an Ghníomhaireacht, an Bainisteoir Gréasáin agus EUROCONTROL;
- (b) táscairí tábhachtacha feidhmíochta chun spriocanna a leagan síos sna príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear i mír 2(a);
- (c) táscairí le haghaidh faireacháin i dtaca leis na príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear i mír 2(a) agus na táscairí ábhartha sábháilteachta a shainítear i gcomhar leis an nGníomhaireacht;
- (cc) modheolaíocht chun luachanna miondealaithe a ríomh;
- (d) na prionsabail lena rialaítear bunú pleananna feidhmíochta agus spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta, agus le haghaidh bhainistiú an ghréasáin, chomh maith le hábhar na bpleananna sin ;
- (e) measúnú ar na dréachtpheananna agus dréachtspriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna gréasáin;
- (f) faireachán ar phleananna feidhmíochta, lena n-áirítear sásraí foláirimh iomchuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus spriocanna feidhmíochta agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le linn tréimhse thagartha;
- (g) soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a thagarmharcáil, i gcás inarb ábhartha;
- (h) scéim dreasachta lena n-áirítear dreasachtaí dearfacha airgeadais agus dídhreasachtaí airgeadais is infheidhme i gcás ina dtéann soláthraí seirbhíse aerthrachta níos faide ná na spriocanna feidhmíochta ceangailteacha ábhartha nó nach gcomhlíonann sé na spriocanna feidhmíochta ceangailteacha ábhartha sin le linn na tréimhse tagartha mura bhfuil an tearcghnóthachtáil nó an sárghnóthachtáil sin mar gheall ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an soláthraí seirbhíse aerthrachta orthu;
- (i) sásraí comhroinnte rioscaí i leith tráchta agus costas;
- (j) amchláir maidir le spriocanna a leagan síos, le measúnú a dhéanamh ar phleananna agus spriocanna feidhmíochta, le faireachán agus tagarmharcáil;

- (l) sásraí chun aghaidh a thabhairt ar eachtraí nach féidir a thuar agus eachtraí móra a bhfuil tionchar ábhartha acu ar chur chun feidhme na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe.
4. Agus na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta á socrú, na dréachtphleananna feidhmíochta á n-ullmhú agus á measúnú, lena n-áirítear leithdháileadh na gcostas idir seirbhísí, chomh maith le faireachán agus tagarmharcáil maidir le feidhmíocht na seirbhísí aerloingseoireachta agus bainistiú an ghréasáin, cuirfear san áireamh an tionchar atá ag cúinsí áitiúla chomh maith le fachtóirí nach bhfuil faoi rialú an tsoláthraí seirbhísí aerthráchta ná an Bhainisteora Gréasáin.

Airteagal 11

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais Eorpaigh a bhunú

1. I gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37(2) agus le míreanna 2 go 3 den Airteagal seo glacfaidh an Coimisiún na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach sna príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a) i dtaca le gach tréimhse thagartha, agus saineoidh sé fad na tréimhse sin. I gcomhar leis na spriocanna feidhmíochta sin ar fud an Aontais féadfaidh an Coimisiún luachanna bonnlíne comhlántacha, tairseacha foláirimh, luachanna miondealaithe agus grúpaí tagarmharcanna a shainmhíniú, chun gur féidir na dréachtphleananna feidhmíochta a mheasúnú agus a fhormheas i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear in Airteagal 13, míreanna 3 agus 3a, agus le hAirteagal 13a.
2. Sainmhíneofar na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn na gcritéir fíor-riachtanach seo a leanas:
- (a) féachfar leo feabhsúcháin céim ar céim a dhéanamh i leith fheidhmíocht chomhshaoil, oibríochtúil agus eacnamaíoch na seirbhísí aerloingseoireachta;
- (b) beidh siad réalaíoch agus indéanta le linn na tréimhse thagartha lena mbaineann, cumasófar soláthar éifeachtúil inbhuanaithe athléimneach seirbhísí aerloingseoireachta leo, agus forbairtí struchtúracha agus teicneolaíochta níos fadtréimhsí á gcothú acu;

(c) cuirfear san áireamh leo comhthéacs eacnamaíoch agus oibríochtúil na tréimhse tagartha, lena n-áirítear réamhaisnéis tráchta agus sonraí oibríochtúla, chomh maith leis na hidirthuilleamaíochtaí idir na príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a) agus a riachtanaí atá sé spriocanna comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.

(d) Cuirfear na táscairí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)c) san áireamh leo.

3. Chun a chinntí maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a ullmhú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta, EUROCONTROL agus leis na geallsealbhóirí oibríochtúla agus baileoidh sé aon ionchur is gá uathu agus is féidir leis tuairim CAF a iarraidh i gcás inar ainmníodh CAF i gcomhréir le hAirteagal 9b.

Airteagal 13

Pleananna feidhmíochta agus spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta

1. Glacfaidh na Ballstáit, le haghaidh gach tréimhse tagartha, ina n-aonar nó i dteannta a chéile ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, dréactphlean feidhmíochta, arna ullmhú ag an údarás maoirseachta náisiúnta, ina mbeidh ionchuir ó údaráis náisiúnta eile más ábhartha, bunaithe go háirithe ar ionchur an tsoláthraí seirbhísí aerthrachta nó na soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe i leith na seirbhísí aerloingseoireachta go léir a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse sin agus, i gcás inarb infheidhme, a fhaigheann sé ó sholáthraithe eile.

Glacfar an dréactphlean feidhmíochta tar éis na spriocanna uile-Aontais a shocrú agus roimh thús na tréimhse tagartha lena mbaineann.

1a. Roimh thús gach tréimhse tagartha, leagfaidh gach údarás maoirseachta náisiúnta síos costais chomhchoiteanna na seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus na seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt idir dhá chatagóir seirbhísí agus prionsabal na gaolmhaireachta costas á chur san áireamh. Áireofar an fhaisnéis sin sa dréactphlean gníomhaíochta. Áiritheoidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta go gcomhlíonfar na critéir sin agus ceanglais Airteagal 20 leis na boinn costais maidir le muirir.

1b. Maidir le gach tréimhse tagartha, leagfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta síos agus áireoidh sé sa dréachtphean feidhmíochta, spriocanna feidhmíochta sna príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a), le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach i gcomhréir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais agus na spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt. Cuirfear Máistirphean BAT don Eoraip agus na hidirthuilleamaíochtaí idir na príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a) agus a riachtanaí atá sé ceanglais sábháilteachta ábhartha an Aontais agus cuspóirí comhshaoil ábhartha an Aontais a chomhlíonadh san áireamh sna dréachtpheananna sin.

2. Beidh an fhaisnéis ábhartha, go háirithe na réamhaisnéisí tráchta agus na sonraí oibríochtúla, arna gcur ar fáil ag EUROCONTROL, agus an Bainisteoir Gréasáin nó foinsí áitiúla mar is iomchuí san áireamh sna dréachtphean feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1.

Agus an dréachtphean feidhmíochta sin á ullmhú rachaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta i gcomhairle le hionadaithe úsáideoirí aerspáis agus, i gcás inarb ábhartha le húdaráis mhíleata, oibreoirí aerfoirt agus comhordaitheoirí aerfoirt, chomh maith leis an údarás inniúil náisiúnta, i gcás inar dhá eintiteas dhifriúla iad an t-údarás maoirseachta náisiúnta agus an t-údarás inniúil náisiúnta. Fíorófar comhlíonadh Rialacháin (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh ar an mbonn sin.

3. Is de réir na gcritéar seo a leanas ar fad nó cuid díobh a bhunófar comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, a áireofar sa dréachtphean feidhmíochta, leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, agus na cúinsí áitiúla agus idirthuilleamaíochtaí idir na príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a) agus sábháilteacht á gcur san áireamh:

(a) i gcás ina mbunaíodh luachanna miondealaithe i gcomhréir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, déanfar comparáid idir na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphean feidhmíochta agus na luachanna miondealaithe sin;

(b) meastóireacht ar fheabhsúcháin feidhmíochta thar thréimhse ama, le haghaidh na tréimhse tagartha a chumhdaítear leis an bplean feidhmíochta, agus sa bhreis air sin le haghaidh na tréimhse ina hiomláine, arb í an tréimhse thagartha roimhe sin agus an tréimhse thagartha a chumhdaítear leis an bplean feidhmíochta í;

(c) comparáid idir leibhéal beartaithe fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhísí aerthrachta lena mbaineann sa ghrúpa tagarmhairc ábhartha.

Eisiafar na costais dá dtagraítear i bpointí (b) (d) agus (e) d'Airteagal 20(3) sa mheasúnú ar comhleanúnachas na spriocanna feidhmíochta sa phríomhréimse feidhmíochta a bhaineann le costéifeachtúlacht.

3a. Sa bhreis air sin, ní mór na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta ag an dréachtphean feidhmíochta arna ghlacadh:

(a) ní mór na príomhthoimhdí a chuirtear i bhfeidhm mar bhunús chun spriocanna agus bearta a shocrú a bhfuil sé d'aidhm acu na spriocanna a bhaint amach le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear luachanna bonnlíne, réamhaisnéisí tráchta agus toimhdí eacnamaíocha a úsáidtear, a bheith cruinn, leordhóthanach agus comhleanúnach tráth a n-ullmhaítear an plean feidhmíochta;

(b) ní mór an dréachtphean feidhmíochta arna ghlacadh a bheith iomlán i dtéarmaí sonraí agus ábhar tacaíochta;

(c) ní mór Airteagal 20 a bheith comhlíonta ag an mbunús costais.

3b. Cuirfear na dréachtpheananna feidhmíochta a ghlacfar ar fáil don phobal, gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire.

5. Cuirfear na dréachtpheananna feidhmíochta a ghlacfar faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh measúnú agus formheas i gcomhréir le hAirteagal 13a.

Airteagal 13a

Measúnú ar na spriocanna feidhmíochta agus ar na pleananna feidhmíochta arna dhéanamh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus ar na dréachtpheananna feidhmíochta arna nglacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) agus (3a).

2. I gcás nach féidir a shuí, ar bhonn na gcritéir a leagtar síos in Airteagal 13(3) an bhfuil na spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach i gcomhréir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais measfaidh an Coimisiún cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil údar cuí leis an díbhéirseacht ó na critéir sin mar gheall ar chúinsí áitiúla agus/nó idirthuilleamaíochtaí idir na príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a), i bhfianaise na faisnéise a chuirtear ar fáil sna dréachtpheananna feidhmíochta agus breithnithe maidir le cúrsaí sábháilteachta. Más amhlaidh atá, measfar go bhfuil na spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach i gcomhréir leis na spriocanna ar fud an Aontais.

Féadfaidh an Coimisiún athrú ar na spriocanna feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach le hais spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a cheadú a mhéid a bhaineann le costéifeachtúlacht, nó le príomhréimsí feidhmíochta i ndáil le hacmhainneacht, i gcás inar gá chun comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta le haghaidh na seirbhísí sin a áirithiú le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a mhéid a bhaineann le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil. Chomh maith leis sin, ceadófar athruithe chun gur féidir ceanglais ábhartha an Aontais maidir le sábháilteacht, arna leagan amach i Rialachán (AE) 2018/1139, agus sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin a chomhlíonadh.

3. I gcás ina gcinntídh an Coimisiún go gcomhlíontar na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) agus (3a) arna léamh i gcomhar le mír 2 den Airteagal seo leis an dréachtphlean feidhmíochta arna ghlacadh, formheasfaidh sé é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

4. I gcás ina gcinntídh an Coimisiún go bhfuil amhras ann faoina bhfuil na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) agus (3a) arna léamh gcomhar le mír 2 den Airteagal seo á gcomhlíonadh ag an dréachtphlean feidhmíochta arna ghlacadh, cuirfidh sé tús le scrúdú mionsonraithe ar an dréachtphlean feidhmíochta, agus iarrfaidh sé faisnéis bhreise ón mBallstát lena mbaineann más gá.

5. I gcás ina gcinntídh an Coimisiún, tar éis scrúdú mionsonraithe a dhéanamh, go gcomhlíonann an dréachtphlean feidhmíochta na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) agus (3a) arna léamh gcomhar le mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh sé an plean a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

I gcás ina gcinntídh an Coimisiún nach bhfuil an dréachtphlean gníomhaíochta i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha sin, áfach, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ina leagtar amach na bearta ceartaitheacha nach mór don Bhallstát nó na Ballstáit lena mbaineann a dhéanamh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na bearta atá déanta aige de bhun an chinnidh sin in iúl don Choimisiún, chomh maith le faisnéis lena léirítear go bhfuil an cinneadh sin á chomhlíonadh leis na bearta sin.

I gcás ina gcinntídh an Coimisiún gur leor na bearta sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar a chinneadh, tabharfaidh sé fógra i ndáil leis sin don Bhallstát/do na Ballstáit lena mbaineann agus formheasfaidh sé an dréachtphlean feidhmíochta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach leor na bearta sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar an cinneadh, tabharfaidh sé fógra i ndáil leis sin don Bhallstát lena mbaineann, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

6. Glacfaidh na Ballstáit lena mbaineann na dréachtphleananna feidhmíochta arna bhformheas ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Airteagal seo mar phleananna cinntitheacha, agus cuirfear ar fáil go poiblí iad, gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire.

Airteagal 13b

Faireachán ar fheidhmíocht

1. Measfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta, i gcomhar leis an údarás inniúil náisiúnta i gcás inar eintiteas difriúil é, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 13a á gcomhlíonadh ag na seirbhísí aerloingseoireachta a chuirtear ar fáil san aerspás atá faoina gcúram, an bhfuil nó nach bhfuil na pleananna sin á gcur chun feidhme mar is ceart agus an gcuirfidh sé chun feidhme na dreasachtaí dearfacha nó diúltacha atá ann mar thoradh ar na scéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3)h) nó nach gcuirfidh.

2. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta tuairiscí rialta a eisiúint maidir le faireachán ar fheidhmíocht seirbhísí aerloingseoireachta arna gcur ar fáil ag soláthraithe aerthráchta ainmnithe agus cuirfidh siad torthaí na measúnuithe sin ar fáil go poiblí gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire.

Cuirfidh na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe an fhaisnéis agus na sonraí is gá ar fáil chun faireachán mar sin a dhéanamh. Áireofar leis sin faisnéis agus sonraí a bhaineann le costais iarbhir na seirbhísí arna gcur ar fáil, agus i gcás inarb infheidhme, gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire, agus sonraí a bhaineann le costais iarbhir na seirbhísí a fhaightear ó sholáthraithe seirbhísí eile.

2a. I gcás nach mbainfear amach na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta nó nach gcuirfear an plean feidhmíochta chun feidhme mar is ceart, measfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sin mar thoradh ar chúrsaí sábháilteachta nó ar fhachtóirí seachtracha nach bhfuil smacht ag an soláthraí seirbhísí aerthrachta orthu. Go háirithe, measfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta tionchar aon éifeachta díobhálaí a bheidh ag na bearta arna nglacadh chun feabhas a chur ar fheidhmiú foriomlán an ghréasáin ar fheidhmíocht iarbhair an tsoláthraí seirbhísí aerthrachta. I gcás nach mbeidh cúrsaí sábháilteachta nó fachtóirí seachtracha ina n-údar le tearcfheidhmíocht, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta de cheangal ar an soláthraí seirbhísí aerthrachta bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme.

2b. Cuirfear meath na seirbhíse san áireamh sna dreasachtaí agus sna dídhreasachtaí airgeadais agus beidh siad i gcomhréir leis an oiread éagsúlachta atá idir na feidhmíochtaí ar baineadh amach agus na spriocanna feidhmíochta a leagtar amach sna pleananna feidhmíochta formheasta.

Ní féidir dreasachtaí agus dídhreasachtaí airgeadais a fheidhmiú ach i gcás ina bhfuil an tsárfheidhmíocht nó an tearcfheidhmíocht inchurtha i leith an tsoláthraí seirbhísí aerthrachta lena mbaineann. Ní dhéanfar difear, le dídhreasachtaí mar sin, d'inmharthanacht airgeadais an tsoláthraí seirbhísí aerthrachta ná do shábháilteacht agus cáilíocht an tsoláthair seirbhísí.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnuithe rialta ar ghnóthachtáil fhoriomlána spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais agus cuirfidh sé na torthaí faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 37(1).

Airteagal 16

Plean Feidhmíochta Gréasáin

1. Déanfaidh an Bainisteoir Gréasáin Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin a tharraingt suas do gach tréimhse thagartha, i gcomhréir leis an bpróiseas cinnteoireachta comhoibritheach dá dtagraítear in Airteagal 27(7) .

Déanfar an Dréachtphlean Feidhmíochta Gréasáin a tharraingt suas tar éis spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais a leagan síos agus roimh thús na tréimhse tagartha lena mbaineann. Beidh spriocanna feidhmíochta ann sna príomhréimsí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2)a) .

2. Cuirfear an Dréacthphlean Feidhmíochta Gréasáin faoi bhráid an Choimisiúin lena mheasúnú agus lena fhormheas.

2a. Measfaidh an Coimisiún an Dréacthphlean Feidhmíochta Gréasáin bunaithe ar na critéir fhíor-riachtanacha seo a leanas:

(a) breithniú ar na feabhsuithe feidhmíochta le himeacht ama, i dtaca leis an tréimhse thagartha a chumhdaítear leis an bplean feidhmíochta, agus i dtaca leis an tráthchlár lena gcuimsítear an tréimhse thagartha roimhe sin mar aon leis an tréimhse thagartha a chumhdaítear leis an bplean feidhmíochta chomh maith le rannchuidiú le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais;

(b) iomláine agus comhsheasmhacht an Dréacthphlean Feidhmíochta Gréasáin ó thaobh sonraí agus ábhar tacaíochta de, lena n-áirítear na príomhthoimhdí a chuirtear i bhfeidhm agus réamhaisnéisí tráchta.

2b. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil an Dréacthphlean Feidhmíochta Gréasáin iomlán agus go léiríonn sé feabhsuithe feidhmíochta leordhóthanacha, glacfaidh sé an Dréacthphlean Feidhmíochta Gréasáin mar phlean cinntitheach. Murab amhlaidh, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBainisteoir Gréasáin dréacthphlean Feidhmíochta Gréasáin athbhreithnithe a chur faoina bhráid.

Airteagal 17

Athbhreithniú ar spriocanna feidhmíochta agus pleananna feidhmíochta le linn tréimhse tagartha

1. I gcás, le linn tréimhse tagartha, nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais leordhóthanach a thuilleadh, i bhfianaise cúinsí atá athraithe go suntasach nó cúrsaí sábháilteachta, agus ina bhfuil an t-athbhreithniú ar cheann amháin nó ar roinnt de na spriocanna riachtanach agus comhréireach, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais sin. Beidh feidhm ag Airteagal 11 maidir leis an gcinneadh sin.

I gcás, tar éis an athbhreithnithe sin, nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta arna nglacadh de bhun Airteagal 13a(6) i gcomhréir a thuilleadh leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, déanfaidh na Ballstáit na pleananna sin a athbhreithniú i ndáil leis na spriocanna feidhmíochta lena mbaineann. Beidh feidhm ag Airteagail 13 agus 13a maidir leis an athbhreithniú ar na pleananna sin. Déanfar an comhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 13(2) a theorannú, chun críoch na fomhíre seo, do na spriocanna feidhmíochta agus do na codanna de na dréacthphleananna feidhmíochta a ndéantar difear dóibh go díreach nó go hindíreach leis an athbhreithniú.

Tar éis an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad mhír, déanfaidh an Bainisteoir Gréasáin Dréachtphean Feidhmíochta Gréasáin nua a tharraingt suas. Beidh feidhm ag Airteagal 16 maidir le glacadh an phlean nua sin.

2. Sa chinneadh maidir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais dá dtagraítear i mír 1, beidh forálacha idirthréimhseacha ann i dtaca leis an tréimhse ama go dtí go dtiocfaidh na pleananna feidhmíochta cinntitheacha i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm chúlghabhálach ag spriocanna uile-Aontais athbhreithnithe ná ag forálacha idirthréimhseacha.

2a. I gcás géarchéime ghréasáin a chuirfidh cosc ar réamhaisnéisí iontaofa tráchta a eisiúint, féadfar an córas feidhmíochta a chur ar fionraí sna forálacha idirthréimhseacha a luaitear i mír 2 go dtí go mbeidh réamhaisnéisí nua iontaofa ar fáil. Ina leithéid de chás saineoidh an Coimisiún na coinníollacha gaolmhara, lena n-áirítear oiriúnuithe riachtanacha ar mhuirir infheidhme sa chinneadh dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar sprioc feidhmíochta amháin nó roinnt díobh le linn tréimhse tagartha i gcás ina mbainfear amach tairseacha foláirimh, nó ina léireofar nach bhfuil na sonraí, na toimhdí agus an réasúnaíocht tosaigh atá mar bhonn do na spriocanna feidhmíochta cruinn ar bhonn suntasach agus buan a thuilleadh de bharr imthosca neamh-intuartha, tráth ghlactha an phlean feidhmíochta.

I gcás mar sin, athbhreithneoidh na Ballstáit na pleananna feidhmíochta i ndáil leis na spriocanna lena mbaineann, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 13 agus 13a. Féadfar an comhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 13(2) a theorannú, chun críoch na míre seo, do na spriocanna feidhmíochta agus do na codanna de na pleananna feidhmíochta a ndéanann an t-athbhreithniú difear dóibh go díreach nó go hindíreach.

Airteagal 18

Cur chun feidhme na scéime feidhmíochta

Maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), ceanglais agus nósanna imeachta mionsonraithe i dtaca le hAirteagail 10(3), 11, 13, 13a, 13b, 16 agus 17, go háirithe maidir le dréachtpheananna a ullmhú, a mheasúnú, a fhormheas agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, socrú na spriocanna feidhmíochta, faireachán ar fheidhmíocht, an mhodheolaíocht le haghaidh tagarmharcála, na scéimeanna dreasachtaí, eisiúint na mbeart ceartaitheach, agus na tráthchláir le haghaidh na nósanna imeachta uile.

Airteagal 19

Prionsabail maidir leis an scéim muirearaithe

1. Gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit soláthar seirbhísí aerloingseoireachta a chumhdaítear leis an Airteagal seo a mhaoiniú trí chistí poiblí, socrófar, forchuirfear agus forfheidhmeofar muirir le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta ar úsáideoirí aerspáis i gcomhréir le hAirteagal 15 de Choinbhinsiún Chicago agus leis an Airteagal seo chomh maith le hAirteagail 20 go 22 agus leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Airteagal 23. Beidh an scéim muirearaithe arna bunú faoin Airteagal seo chomh maith le hAirteagail 20 go 22 i gcomhréir leis an scéim muirearaithe le haghaidh muirir faoi bhealach arna mbunú ag EUROCONTROL, go háirithe *EUROCONTROL Principles for Establishing the Cost-Base for En-Route Charges and the Calculation of the Unit Rates* [Prionsabail EUROCONTROL chun Bonn Costais le haghaidh Muirir Faoi Bhealach a Bhunú agus chun Rátaí Aonad a Ríomh].
2. Beidh na muirir bunaithe ar chostais na soláthraithe aer loingseoireachta arna dtabhú i ndáil le soláthar seirbhísí agus feidhmeanna a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí aerspáis nó ar mhaithe le húsáideoirí aerspáis thar thréimhsí tagartha seasta mar a shainítear in Airteagal 10(2). Féadfar fáltas réasúnach ar shócmhainní a áireamh ar na costais sin.
3. Trí bhíthin muirear, cuirfear chun cinn soláthar seirbhísí aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus costéifeachtúlachta a bhaint amach, agus tionchar comhshaoil na heitlíochta á laghdú ag an am céanna.

5. Ní úsáidfear na hioncaim a fhaightear ó sholáthraí seirbhísí aerloingseoireachta a thagann as na muirir a fhorchuirtear ar úsáideoirí aerspáis i gcomhréir leis an Airteagal seo chun seirbhísí a mhaoiniú ar seirbhísí iad a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta faoi choinníollacha margaidh i gcomhréir le hAirteagal 8 nó chun aon ghníomhaíocht tráchtála eile arna déanamh ag an soláthraí sin a mhaoiniú.

6. Tuairisceofar sonraí airgeadais maidir le costais a chinntear agus costais iarbhir na soláthraithe aerthráchta ainmnithe do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.

Airteagal 20

Boinn chostais do mhuirir

1. Is iad a bheidh sna boinn chostais do mhuirir le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta, mar a leagtar amach iad sna pleananna feidhmíochta a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 13a(6), na costais chinntitheacha a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin sa limistéar muirearaithe faoi bhealach agus sa limistéar muirearaithe críochfoirt lena mbaineann.

2. Áireofar ar na costais a chinntear dá dtagraítear i mír 1, costais na saoraidí agus na seirbhísí ábhartha, costas an chaipitil agus costas dímhéasa sócmhainní, mar aon leis na costais chothabhála, oibriúcháin, bhainistíochta agus riaracháin agus costais foirne eile.

3. Beidh na costais seo a leanas san áireamh freisin sna costais chinntitheacha dá dtagraítear i mír 1:

(b) na costais i dtaca le maoirseacht ar sheirbhísí aerloingseoireachta a thabhaíonn na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, na húdaráis inniúla náisiúnta, agus údaráis náisiúnta eile, i gcás ina gcinneann an Ballstát amhlaidh;

(c) na costais a thabhaíonn na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta i dtaca le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta, i gcás ina gcinneann an Ballstát amhlaidh;

(d) na costais a thabhaíonn na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta i dtaca le feidhmeanna gréasáin, go háirithe maidir le comhar leis an mBainisteoir Gréasáin agus feidhmeanna eile a gcuirtear síos orthu in Airteagal 2(9);

(e) na costais a eascraíonn as Coinbhinsiún Idirnáisiúnta EUROCONTROL maidir le Comhoibriú um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta na 13 Nollaig 1960 arna leasú go deireanach, i gcás ina gcinneann an Ballstát amhlaidh.

4. Ní áireofar sna costais a chinntear costais na bpionós arna bhforchur ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 42.

5. Leithdháilfear na costais a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt de réir na gcritéar arna leagan síos ag an údarás inniúil náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13(1a). Ní cheadófar tras-fhóirdheontais idir seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt. Ní cheadófar tras-fhóirdheontas idir seirbhísí éagsúla aerloingseoireachta i gceachtar den dá chatagóir sin ach amháin má bhíonn údar maith leis ar chúiseanna oibiachtúla, faoi réir sainaitheint thrédhearcach i gcomhréir le hAirteagal 25(3).

6. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí aerthrachta ainmnithe sonraí faoina mbonn costais ar fáil don údarás maoirseachta náisiúnta agus don Choimisiún. Chuige sin, brisfear síos na costais trí idirdhealú a dhéanamh idir costais foirne, costais oibriúcháin nach costais foirne iad, costais dímhéasa, costas caipitil, costais dá dtagraítear in Airteagal 20(3), agus costais eisceachtúla.

Airteagal 21

Limistéar muirearaithe agus rátaí aonaid

1. Socrófar rátaí aonaid in aghaidh na bliana féilire agus le haghaidh gach limistéir mhuirearaithe ar bhonn na gcostas a chinnfear agus na réamhaisnéisí tráchta a bhunaítear sna pleananna feidhmíochta chomh maith le coigeartuithe infheidhme a eascraíonn as na blianta roimhe agus as ioncaim eile.

1a. Gan dochar don chéad fhomhír d'Airteagal 20(5), sainmhíneoidh na Ballstáit na limistéir muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta roimh thús tréimhse tagartha agus sainaitheoidh siad na soláthraithe seirbhísí aerthrachta a thagann faoi raon feidhme gach limistéir mhuirearaithe. Sainmhíneoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), na coinníollacha faoinar féidir leis na Ballstáit limistéar muirearaithe críochfoirt nua a mhodhnú nó a bhunú le linn tréimhse tagartha.

2. Is iad na Ballstáit a shocróidh na rátaí aonaid, faoi réir a bhfíoraithe ag an gCoimisiún go gcomhlíonann siad Airteagail 19, 20 agus an tAirteagal seo. I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíonann ráta aonaid na ceanglais sin, athbhreithneoidh an Ballstát lena mbaineann an ráta aonaid dá réir, agus déanfar é a leasú mar is iomchuí.

Airteagal 22

Muirir a bhunú

1. Toibheofar muirir ar úsáideoirí aerspáis as seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar, faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, agus acmhainneachtaí táirgeachta coibhneasta na n-aerárthaí éagsúla lena mbaineann á gcur san áireamh. Nuair a dhéantar muirir a fhorchur ar úsáideoirí aerspáis difriúla chun an tseirbhís chéanna a úsáid, ní dhéanfar idirdhealú ar bith i ndáil le náisiúntacht ná catagóir an úsáideora.
2. Ríomhfar an muirear faoi bhealach le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta d'eitilt ar leith i limistéar muirearaithe ar leith ar bhonn an ráta aonaid arna bhunú don limistéar muirearaithe sin agus na haonaid seirbhísí faoi bhealach don eitilt sin.
3. Ríomhfar an muirear críochfoirt le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta d'eitilt ar leith i limistéar muirearaithe críochfoirt ar leith ar bhonn an ráta aonaid arna bhunú don limistéar muirearaithe críochfoirt sin agus na haonaid seirbhísí críochfoirt don eitilt sin. Chun an muirear críochfoirt a ríomh, measfar gur eitilt aonair atá in ascnamh agus imeacht eitilte.
4. Féadfar díolúine úsáideoirí aerspáis áirithe nó eitiltí ó mhuirir aerloingseoireachta a cheadú, go háirithe na cinn a úsáideann aerárthaí éadroma agus aerárthaí Stáit nó a oibrítear leis na haerárthaí sin, ar choinníoll go gcumhdaítear costas na díolúine sin le hacmhainní eile agus nach ngearrtar ar úsáideoirí aerspáis eile í.
5. Féadfar muirir a mhodhnú chun soláthraithe seirbhísí aerthrachta agus úsáideoirí aerspáis a spreagadh chun tacú le feabhsúcháin i bhfeidhmíocht chomhshaoil, nó cáilíocht seirbhíse amhail úsáid a bhaint as an ródú is éifeachtúla ó thaobh breosla de, úsáid mhéadaithe breoslaí iondúla inbhuanaithe, acmhainneacht mhéadaithe agus níos lú moilleanna agus forbairt inbhuanaithe, agus an leibhéal sábháilteachta is fearr is féidir a choimeád ar bun ag an am céanna, go háirithe chun an Máistirphlean BAT don Eoraip a chur chun feidhme. Is éard a bheidh sa mhodhnú buntáistí nó míbhuntáistí airgeadais agus beidh sé neodrach ó thaobh an ioncaim de le haghaidh soláthraithe seirbhísí aerthrachta.

5a. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, na soláthraithe seirbhísí aerthrachta agus na húsáideoirí aerspáis, staidéar féidearthachta maidir le tionchar an mhodhnaithe muirear ar aerthracht agus ar gheallsealbhoirí, lena n-áirítear ruthaig eitilte, acmhainneacht, comhdhéanamh flít agus costais na n-úsáideoirí spáis, agus ar na sásraí chun neodracht ioncaim soláthraithe seirbhísí aerthrachta a áirithiú. Cumhdófar sa staidéar sin freisin rannchuidiú an mhodhnaithe sin le gnóthachtáil cuspóirí an Aerspáis Eorpaigh Aonair dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus aird á tabhairt ar ghnéithe iomaíochais, na scéimeanna dreasachtaí atá ann cheana agus roghanna eile a bhfuiltear ar an eolas fúthu. Ar bhonn an staidéir sin, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh chun go mbeidh na Ballstáit in ann modhnú muirear a chur chun feidhme ar bhonn deonach.

Airteagal 23

An scéim muirearaithe a chur chun feidhme

Chun an scéim muirearaithe a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), ceanglais mhionsonraithe agus nósanna imeachta i leith Airteagail 19, 20, 21 agus 22 go háirithe maidir leis na boinn chostais agus costais a chinntear, rátaí aonaid a shocrú, sásraí comhroinnte riosca agus an modhnú muirear.

Airteagal 24

Athbhreithniú ar chomhlíonadh na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar na Ballstáit féachaint an bhfuil Airteagail 10 go 17 agus Airteagail 19 go 22 agus na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 23 ag á gcomhlíonadh acu, agus go háirithe ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. Gníomhóidh an Coimisiún i gcomhairle leis an CAF, i gcás inar ainmníodh CAF i gcomhréir le hAirteagal 9b, agus le húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.
2. I gcás inar léir don Choimisiún nach bhfuil na forálacha dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh, féadfaidh sé imscrúdú a thionscnamh. Tabharfaidh sé i gcrích an t-imscrúdú laistigh de cheithre mhí, tar éis éisteacht a thabhairt don Bhallstát agus don údarás maoirseachta náisiúnta lena mbaineann agus don soláthraí seirbhísí aerthrachta ainmnithe lena mbaineann.

3. Gan dochar d'Airteagal 41(1), comhroinnfidh an Coimisiún na torthaí ón imscrúdú leis an mBallstát lena mbaineann, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an soláthraí seirbhísí aerthrachta lena mbaineann agus féadfaidh sé tuairim a eisiúint i dtaobh cé acu ar chomhlíon an Ballstát sin Airteagail 10 go 17 agus Airteagail 19 go 22 agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 23 nó nár chomhlíon. Tabharfaidh sé fógra faoin tuairim sin don Bhallstát lena mbaineann.

Airteagal 25

Trédhearcacht cuntas soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, is cuma cén córas úinéireachta nó foirm dhlíthiúil atá acu, a gcuntais airgeadais a tharraingt suas agus a fhoilsiú gach bliain. Comhlíonfaidh na cuntais sin na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta atá glactha ag an Aontas. I gcás nach féidir na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, toisc stádas dlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta, bainfidh an soláthraí an comhlíonadh sin amach a mhéid is féidir. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tuarascáil bhliantúil agus déanfar iniúchadh neamhspleách orthu go rialta i leith na gcuntas dá dtagraítear sa mhír seo.
2. Beidh an ceart ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta rochtain a fháil ar chuntais soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta faoi mhaoirseacht na soláthraithe sin. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh rochtain ar na cuntais sin a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta Bhallstáit eile.
3. Coinneoidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta cuntais ar leithligh le haghaidh gach seirbhíse aerloingseoireachta ina gcuntasaíocht inmheánach mar a bheadh de cheangal orthu dá ndéanfadh gnólachtaí ar leithligh na seirbhísí sin, d'fhonn idirdhealú, tras-fhóirdheonú agus saobhadh iomaíochta a sheachaint. Coinneoidh soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta cuntais ar leithligh chomh maith le haghaidh gach gníomhaíochta sna cásanna seo a leanas:
 - (a) cuireann sé seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8(1) agus seirbhísí aerloingseoireachta nach gcumhdaítear leis an bhforáil sin;
 - (b) cuireann sé seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil agus déanann sé gníomhaíochtaí eile, d'aon chineál, lena n-áirítear SCF;

(c) cuireann sé seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil san Aontas agus i dtríú tíortha.

Déanfar na costais a chinntear agus na costais iarbhír a eascraíonn as seirbhísí aerloingseoireachta a mhiondealú i gcatagóirí costas i gcomhréir le hAirteagal 20(6) agus cuirfear ar fáil go poiblí iad, faoi réir chosaint na faisnéise faoi rún.

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta nó eintiteas atá neamhspleách ar an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann iniúchadh nó fíorú ar na sonraí airgeadais maidir le costais arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 19(6) mar aon le faisnéis eile is ábhartha chun rátaí aonaid a ríomh agus déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta iad sin a fhormheas. Gan dochar do rúndacht faisnéise íogaire, cuirfear conclúidí an iniúchta ar fáil go poiblí.

CAIBIDIL IV

BAINISTIÚ GRÉASÁIN

Airteagal 26

Feidhmeanna gréasáin

1. Trí bhíthin fheidhmeanna an ghréasáin bainistíochta aerthrachta rannchuideofar le h úsáid inbhuanaithe éifeachtúil an aerspáis agus na n-acmhainní tearca. Áiritheofar leo chomh maith go mbeidh úsáideoirí aerspáis in ann ruthaig agus próifilí optamaithe a oibriú, ach ag an am céanna rochtain chothrom réasúnach a cheadú ar an aerspás agus ar sheirbhísí aerloingseoireachta agus brú aerthrachta a laghdú. Leis na feidhmeanna gréasáin sin, a áirítear i mír 2, tacófar le rochtain réidh a bheith ag úsáideoirí aerspáis ar sheirbhísí aerloingseoireachta agus, lena chois sin, tacófar le spriocanna feidhmíochta a bhaint amach, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do thionscnaimh ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus beidh siad bunaithe ar riachtanais oibríochtúla . Beidh siad gan dochar do cheannasacht na mBallstát ar a gcuid aerspáis féin agus dá bhfreagrachtaí maidir leis an ord poiblí, leis an tslándáil phoiblí agus le cúrsaí cosanta.

1a. Gan dochar go háirithe d'Airteagail 44 agus 46 de Rialachán (AE) 2018/1139 agus do ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a mbonn sin, coinneoidh na Ballstáit an inniúlacht iomlán eisiach le haghaidh dhearadh agus bhainistíocht a gcuid struchtúr aerspáis agus a ngréasáin bealaí. I ndáil leis an méid sin, cuirfidh na Ballstáit gnéithe comhshaoil, éilimh aerthrachta, séasúracht agus castacht aerthrachta agus feidhmíocht pleananna san áireamh. Sula ndéanann siad cinneadh maidir leis na gnéithe sin, rachaidh siad i gcomhairle le húsáideoirí aerspáis lena mbaineann nó le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar úsáideoirí aerspáis den sórt sin agus le húdaráis mhíleata de réir mar is iomchuí.

2. Is iad seo a leanas leis na feidhmeanna gréasáin dá dtagraítear i mír 1:

(a) leagan amach lena dtugtar an leibhéal sábháilteachta, acmhainneachta, solúbthachta, freagrúlachta, feidhmíochta comhshaoil agus soláthar réidh seirbhísí aerloingseoireachta gasta is gá, agus aird chuí á tabhairt do riachtanais slándála agus cosanta;

(b) ATFM;

(c) acmhainní tearca a chomhordú maidir le bandaí minicíochta a úsáideann an t-aerthrácht ginearálta, go háirithe minicíochtaí raidió agus, lena chois sin, cóid trasfhreagróra radar.

(d) acmhainneacht rialála aerthráchta a chur ar fáil sa ghréasán i gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach sa phlean oibríochtaí gréasáin;

(e) bainistíocht i gcás géarchéim ghréasáin.

(f) sannadh moille ATFM;

(g) gníomhaíochtaí pleanála agus cur chun feidhme in imscaradh bonneagair sa Ghréasán Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta, i gcomhréir leis an Máistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta .

3. Cuirfidh na Ballstáit agus gach geallsealbhóir oibríochtúil ábhartha feidhmeanna gréasáin i gcrích le cuidiú ón mBainisteoir Gréasáin a chuirfidh na cúraimí a shonraítear in Airteagal 27(4) i gcrích.

4. Is de chineál iomlán oibríochtúil nó teicniúil a bheidh na bearta a dhéanfar le haghaidh chur chun feidhme na bhfeidhmeanna a liostaítear i mír 2 agus ní bheidh feidhmiú discréide polaitiúla i gceist leo. Cuirfidh siad sainiúlachtaí na mBallstát agus tograí arna mbunadh ar an leibhéal áitiúil san áireamh. Déanfar iad i gcomhar le húdaráis shibhialta agus mhíleata, go háirithe, i gcomhréir le nósanna imeachta comhaontaithe maidir le húsáid sholúbtha an aerspáis.

Airteagal 27

An Bainisteoir Gréasáin

1. Chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 26 (1) a bhaint amach, déanfaidh an Coimisiún a áirithiú, le tacaíocht na Gníomhaireachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139, go rannchuideoidh an Bainisteoir Gréasáin le cur i gcrích na bhfeidhmeanna gréasáin a leagtar amach in Airteagal 26 (2), i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar an mBainisteoir Gréasáin féachaint go ndéanfaidh sé a chúraimí a chur i gcrích mar is ceart.

2. Ceapfaidh an Coimisiún EUROCONTROL nó comhlacht neamhchlaonta inniúil chun cúraimí an Bhainisteora Gréasáin a dhéanamh . Chuige sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3). Sa chinneadh faoi cheapachán áireofar téarmaí agus coinníollacha an cheapacháin, lena n-áirítear an Bainisteoir Gréasáin a mhaoiniú, agus mionsonraithe faoi chúraimí sonracha an Bhainisteora Gréasáin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 16 agus 26 agus na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha arna nglacadh ar bhonn Airteagail 18 agus 27(8), agus laistigh de theorainneacha na n-airteagal sin. Ag gabháil le liosta chúraimí an Bhainisteora Gréasáin beidh sonraíocht shoiléir ar na seirbhísí agus ar an bhfeidhmíocht is gá, a ndéanfar feidhmíocht an Bhainisteora Gréasáin a thomhas ina bhfianaise, agus, i gcás inarb iomchuí, comhaontuithe iomchuí a bheidh le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Bainisteoir Gréasáin, amhail comhaontuithe maidir le leibhéil na seirbhíse.

3. Cuirfidh an Bainisteoir Gréasáin a chúraimí i gcrích ar bhealach neamhspleách costéifeachtúil. Beidh sé faoi réir rialachas agus uathrialachas cuí i gcás ina bhfuil feidhmeanna rialála chomh maith ag an gcomhlacht inniúil a ainmnítear ina Bhainisteoir Gréasáin, áiritheofar go ndéanfar scaradh eagraíochtúil ó na feidhmeanna sin. Agus a chuid cúraimí á gcur i gcrích aige, cuirfidh an Bainisteoir Gréasáin, riachtanais an ghréasáin BAT ina iomláine san áireamh agus déanfaidh sé cumais chosanta a choimirciú ag an am céanna.

4. Cuirfidh an Bainisteoir Gréasáin na cúraimí a leanas i gcrích chun tacú leis na feidhmeanna gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 26(2):

(a) tacú le struchtúr aerspáis a fhorbairt lena gcuirtear ar fáil an leibhéal sábháilteachta, acmhainneachta, solúbthachta, freagrúlachta, feidhmíochta comhshaoil agus soláthair réidh seirbhísí aerloingseoireachta gasta is gá, agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais slándála agus cosanta;

(b) ATFM a chomhordú;

(c) acmhainní tearca a chomhordú maidir le bandaí minicíochta a úsáideann an t-aerthrácht ginearálta, go háirithe minicíochtaí raidió agus, lena chois sin, cóid trasfhreagróra radar;

(d) tarmligean soláthar seirbhísí aerthráchta a éascú i gcás ina bhformhuiníonn an Ballstát lena mbaineann sin agus na comhaontuithe is gá chun aerthrácht ginearálta agus oibríochtúil a chomhordú agus an gá comhordú leordhóthanach a choinneáil sna struchtúir aerspáis ábhartha á gcur san áireamh;

- (da) NSP a ullmhú agus an plean oibríochtaí gréasáin a shuí;
- (e) soláthair acmhainneachta rialaithe aerthrachta sa ghréasán a chomhordú agus tacú leis i gcomhréir leis na gealltanais a thugann geallsealbhóirí oibríochtúla mar a leagtar amach sa phlean oibríochtaí náisiúnta;
- (f) bainistiú géarchéime gréasáin a chomhordú agus tacú leis freisin;
- (g) tacú le sannadh moille ATFM lena n-áirítear an nós imeachta coigeartaithe tar éis oibríochtaí ina mbíonn soláthróirí seirbhísí aerloingseoireachta, aerfoirt agus údaráis náisiúnta páirteach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean a bhaineann le tomhas, rangú agus sannadh moille ATFM;
- (h) comhordú a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí pleanála agus cur chun feidhme imscartha bonneagair sa Ghréasán Eorpach um Bainistíocht Aerthrachta i gcomhréir leis an Máistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthrachta trí rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí oibríochtúla sa bhainistíocht agus sa rialachas, agus riachtanais mhíleata agus oibríochtúla agus nósanna imeachta oibríochtúla gaolmhara á gcur san áireamh i gcás inarb iomchuí;
- (i) faireachán ar fheidhmíocht bhonneagar gréasáin bainistíochta aerthrachta na hEorpa.

4 a. Molfaidh an Bainisteoir Gréasáin bearta tacaíochta maidir le cúrsaí oibríochtúla a bheidh dírithe ar phleanáil shábháilte éifeachtúil agus oibríochtaí sábháilte éifeachtúla an ghréasáin faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí géarchéime gréasáin agus bearta a bheidh dírithe ar fheabhsú leanúnach na n-oibríochtaí gréasáin san Aerspás Eorpach Aonair agus ar fheidhmíocht fhoriomlán an ghréasáin, go háirithe maidir leis an scéim feidhmíochta a chur chun feidhme. Leis an ngníomhaíocht a dhéanann an Bainisteoir Gréasáin comhtháthófar na haerfoirt go hiomlán sa ghréasán.

5. Molfaidh an Bainisteoir Gréasáin bearta sa chás léireofar na spriocanna feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 10 go leordhóthanach san acmhainneacht a bheidh le cur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí aerthrachta aonair agus arna comhaontú ag an mBainisteoir Gréasáin agus na soláthraithe seirbhísí aerthrachta sa phlean oibríochtaí gréasáin.

6. Cuirfidh an Bainisteoir Gréasáin, i gcomhordú le páirtithe ábhartha, comhairle ar an gCoimisiún maidir le himscaradh bhonneagar an ghréasáin um bainistíocht aerthrachta i gcomhréir le Máistirphlean BAT don Eoraip, go háirithe chun na hinfheistíochtaí a bhfuil gá leo don ghréasán a shainnithint.

7. Is trí phróiseas cinnteoireachta comhoibríthí a dhéanfaidh an Bainisteoir Gréasáin na bearta a bheidh le déanamh aige agus a chúraimí á gcur i gcrích aige. Gníomhóidh páirtithe sa phróiseas cinnteoireachta comhoibríthí a mhéid is féidir d'fhonn feidhmiú agus feidhmíocht an ghréasáin a fheabhsú, go háirithe i dtaca le baint amach na spriocanna uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil agus leasanna bunriachtanacha agus dála réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh.

7a. Bunófar an próiseas cinnteoireachta comhoibríthí dá dtagraítear i mír 7 ar an méid a leanas:

- a) comhairliúchán iomchuí rialta le geallsealbhóirí oibríochtúla, le comhordaitheoirí sliotán aerfoirt, leis na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, leis an nGníomhaireacht agus leis an gCoimisiún;
- b) socruithe oibre mionsonraithe arna mbunú ag an mBainisteoir Gréasáin i dteannta geallsealbhóirí oibríochtúla agus na mBallstát go háirithe, chomh maith le próisis le haghaidh oibríochtaí arna mbunú ag an mBainisteoir Gréasáin chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe pleanála agus oibríochtúla a bhaineann le cur i gcrích feidhmeanna gréasáin.

Cuirfear san áireamh leis an gcomhairliúchán dá dtagraítear i bpointe a) agus leis na socruithe oibre mionsonraithe dá dtagraítear i bpointe b) gnéithe agus riachtanais sonracha gach feidhme gréasáin.

Comhaontú tola a bheidh d'aidhm ag an bpróiseas cinnteoireachta comhoibríthí. I gcás inarb í ceannasacht ar a gcuid aerspáis atá i gceist, ní mór toil an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann a fháil.

I gcás ina gcuirfidh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát in aghaidh beart a bhaineann le cur i gcrích chúraimí an Bhainisteora Gréasáin, atreorófar an tsaincheist chuig an mBord Bainistíochta Gréasáin ionas go réiteofar í.

7b. Bunófar Bord Bainistíochta Gréasáin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 8 d'fhonn rialachas iomchuí ar chur i gcrích feidhmeanna an ghréasáin a áirithiú.

Beidh an Bord Bainistíochta Gréasáin freagrach as bearta a dhéanfaidh nó a mholfaidh an Bainisteoir Gréasáin a fhorghnó nó a fhorghnó sna coinníollacha a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 8 chun na sonraíochtaí le haghaidh an chomhairliúcháin agus na socruithe oibre mionsonraithe dá dtagraítear i mír 7a, a) agus b) a fhorghnó, chun an plean oibríochtaí gréasáin a fhorghnó agus NSP a fhorghnó sula bhforghnófaidh an Coimisiún agus na Ballstáit é, chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmeanna an ghréasáin agus chun barúlacha agus moltaí a sholáthar i dtaca le saincheisteacha sonracha.

Beidh an Bord Bainistíochta Gréasáin comhdhéanta d'ionadaithe na ngeallsealbhóirí oibríochtúla, comhordaitheoirí slíotán, ionadaithe an Choimisiúin, ionadaithe an Bhainisteora Gréasáin agus ionadaithe Eurocontrol.

7c. Beidh na Ballstáit rannpháirteach go hiomlán i gcinntí lena ngabhann tábhacht straitéiseach.

8. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3), bunóidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 26 agus na hAirteagail seo, go háirithe le haghaidh chur i gcrích na bhfeidhmeanna gréasáin, lena n-áirítear maidir le bainistíocht géarchéime; maidir le ceapadh an Bhainisteora Gréasáin, téarmaí agus coinníollacha an cheapacháin sin agus maidir le cúraimí mionsonraithe an Bhainisteora Gréasáin i ndáil leis na feidhmeanna gréasáin; maidir le comhdhéanamh, feidhmiú, cinnteoireacht agus cúraimí an Bhoird Bainistíochta Gréasáin lena n-áirítear i ndáil le bainistíocht géarchéime; maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta comhoibríthí; maidir leis na critéir agus leis na fachtóirí nach mór don Bhainisteoir Gréasáin agus don Bhord Bainistíochta Gréasáin leanúint agus na cúraimí a bhfágfar fúthu á bhfeidhmiú acu agus maidir leis na sásraí rialachais gréasáin.

Airteagal 28

Trédhearcacht chuntais an Bhainisteora Gréasáin

1. Déanfar cuntais airgeadais an Bhainisteora Gréasáin a tharraingt suas agus a fhoilsiú go bliantúil. Comhlíonfaidh na cuntais sin na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta atá glactha ag an Aontas. I gcás nach féidir na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán, toisc stádas dlíthiúil an Bhainisteora Gréasáin, féachfaidh an Bainisteoir Gréasáin leis an gcomhlíonadh sin a bhaint amach a mhéid is féidir.
2. Foilseoidh an Bainisteoir Gréasáin tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí agus déanfar iniúchadh neamhspleách air go rialta.

Airteagal 30

An caidreamh le húdaráis mhíleata

I gcomhthéacs an chomhbheartais iompair, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar comhaontuithe i scríbhinn idir na húdaráis inniúla shibhialta agus na húdaráis inniúla mhíleata, nó socruithe dlíthiúla coibhéiseacha, a bhunú nó a athnuachan i ndáil le bainistiú na mbloc aerspáis sonrach.

CAIBIDIL V

AERSPÁS, IDIR-INOIBRITHEACHT AGUS NUÁLAÍOCHT THEICNEOLAÍOCH

Airteagal 32

Faisnéis leictreonach aerloingseoireachta

Gan dochar d'fhaisnéis aerloingseoireachta arna foilsiú ag na Ballstáit agus ar shlí a bheidh comhsheasmhach leis an bhfoilsiú sin, bunóidh an Bainisteoir Gréasáin, i gcomhar le EUROCONTROL bonneagar faisnéise aerloingseoireachta ar fud an Aontais chun cur le hinfhaighteacht faisnéise aerloingseoireachta leictreonaí ardchaighdeáin, a chuirfear i láthair ar bhealach a mbeidh sé éasca rochtain a fháil uirthi agus a fhónfaidh do riachtanais na n-úsáideoirí ábhartha uile ó thaobh cháilíocht agus thráthúlacht na sonraí de. An fhaisnéis aerloingseoireachta arna cur ar fáil mar sin, ní bheidh inti ach an faisnéis a chomhlíonann na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn VIII de Rialachán (AE) 2018/1139.

Airteagal 32a

Rialacha an aeir agus aicmiú aerspáis

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3):

- a) forálacha iomchuí a ghlacadh maidir le rialacha an aeir bunaithe ar chaighdeáin ICAO agus ar chleachtais mholta;
- b) forálacha iomchuí a ghlacadh chun cur chun feidhme aonfhoirmeach aicmiú an aerspáis de chuid ICAO a áirithiú le hoiriúnú iomchuí, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear seirbhísí aerthrachta sábháilte agus éifeachtúla ar fáil ar bhealach rianúil laistigh den aerspás Eorpach Aonair.

Airteagal 33

Úsáid sholúbtha an aerspáis

1. Agus saintréithe agus cineál na gníomhaíochta míleata i ngach Ballstát, mar aon le heagrú na ngnéithe míleata atá faoi na bhfreagracht, á gcur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit cur i bhfeidhm an choincheapa maidir le húsáid sholúbtha a bhaint as aerspás faoin aerspás Eorpach aonair chun bainistiú aerspáis agus bainistíocht aerthráchta a éascú i gcomhthéacs an chomhbheartais iompair.
2. Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm an choincheapa maidir le húsáid sholúbtha a bhaint as aerspás, i gcomhthéacs an chomhbheartais iompair, i ndáil leis an aerspás atá faoina gcúram.
3. I gcás inar gá dálaí aonfhoirmeach a chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le húsáid sholúbtha a bhaint as aerspás faoin aerspás Eorpach aonair déanfaidh an Coimisiún, laistigh de theorainneacha an chomhbheartais iompair agus gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát i leith a n-aerspáis, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).
4. I gcásanna ina n-eascróidh deacrachtaí suntasacha oibríochtúla as cur i bhfeidhm an Airteagail seo, féadfaidh na Ballstáit an cur i bhfeidhm sin a chur ar fionraí go sealadach ar choinníoll go gcuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas gan mhoill faoi sin. Tar éis fionraí sealadach a thabhairt isteach, féadfar coigeartuithe ar na rialacha arna nglacadh faoi mhír 3 a oibriú amach don aerspás faoi fhreagracht an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

Airteagal 34

Comhordú SESAR

Áiritheoidh na heintitis atá i gceannas ar na cúraimí arna mbunú le dlí an Aontais i réimsí chomhordú chéim shainithe SESAR, chéim forbartha SESAR agus chéim imlonnaithe SESAR, de réir mar a bheidh, comhordú éifeachtach idir na trí chéim sin ionas go mbainfear amach aistriú rianúil tráthúil eatarthu, ag díriú dóibh go háirithe ar chéim an tionsclaithe.

Beidh na geallsealbhóirí sibhialta agus míleata ábhartha uile rannpháirteach a mhéid is féidir.

Cuirfidh an Coimisiún sásraí ar bun chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht chomhordú SESAR.

Airteagal 35

Comhthionscadail

1. Féadfaidh an Coimisiún comhthionscadail a bhunú, bunaithe ar an ngá a bheidh ag na geallsealbhóirí le sioncrónú, chun na hathruithe riachtanacha oibríochtúla a chur chun feidhme a shainaithnítear sa Mháistirphlean BAT tar éis dóibh aibíocht leordhóthanach a bhaint amachchun cumais idir-inoibritheacha a chumasú i ngach Ballstát, d'fhonn feidhmíocht an Aerspáis Eorpaigh Aonair a fheabhsú.
2. Féadfaidh an Coimisiún freisin sásraí rialachais a bhunú le haghaidh comhthionscadal agus a gcur chun feidhme. Beidh gach geallsealbhóir ábhartha sibhialta agus míleata rannpháirteach sna sásraí sin a mhéid is féidir agus, i gcás inar féidir agus más iomchuí, ról ceannasach acu.
3. Féadfaidh comhthionscadail a bheith incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil. Chuige sin, agus gan dochar d'inniúlacht na mBallstát cinneadh a dhéanamh i dtaobh na caoi a n-úsáidfí siad a gcuid acmhainní airgeadais, déanfaidh an Coimisiún anailís neamhspleách costais chomh maith leis na comhairliúcháin iomchuí leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 38, lena bhfiosrófar an tosaíochtú agus na meáin chuí go léir chun a n-implonú a mhaoiniú.
4. Bunóidh an Coimisiún na comhthionscadail agus na sásraí rialachais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 trí ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 37

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó Choiste an Aerspáis Aonair, dá ngairtear ‘an Coiste’ anseo feasta, ar a mbeidh beirt ionadaithe ó gach Ballstát agus é faoi chathaoirleacht an Choimisiúin. Áiritheoidh an Coiste go gcuirfear leas na gcatagóirí úsáideoirí uile san áireamh go hiomchuí. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 38

Comhairliúchán le geallsealbhóirí

1. Na Ballstáit, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, an CAF i gcás inar ainmníodh CAF i gcomhréir le hAirteagal 9b, agus an Bainisteoir Gréasáin, bunóidh siad sásraí comhairliúcháin le haghaidh comhairliúchán iomchuí leis na geallsealbhóirí chun a gcúraimí a fheidhmiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

2. Bunóidh an Coimisiún sásra ar leibhéal an Aontais chun dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir le ceisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh an Coiste um Agallamh Earnálach, arna chur ar bun faoi Chinneadh 98/500/CE ón gCoimisiún, páirteach sa chomhairliúchán. Chun críoch phointe (e) de mhír 3, nuair a bheidh comhairliúchán de dhíth maidir le gnéithe míleata, rachaidh an Coimisiún, chomh maith leis na Ballstáit, i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus le húdaráis náisiúnta míleata.

3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, déanfar comhairliúchán leis na geallsealbhóirí oibríochtúla agus neamhoibríochtúla seo a leanas, ar a laghad, i gcás inarb ábhartha:

- (a) soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó grúpaí a dhéanann ionadaíocht orthu;
- (b) an Bainisteoir Gréasáin;
- (c) oibreoirí aerfoirt nó na grúpaí a dhéanann ionadaíocht thar a gceann;
- (d) úsáideoirí aerspáis nó na grúpaí a dhéanann ionadaíocht thar a gceann;
- (f) an tionscal monarúcháin;
- (g) comhlachtaí ionadaíochta foirne gairmiúla;
- (h) na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear na húdaráis inniúla míleata náisiúnta;
- (i) comhordaitheoirí na sliotán aerfoirt.
- (j) eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha a bhfuil leas acu san eitlíocht nó BAT.

Airteagal 38a

Caidreamh le geallsealbhóirí

Bunóidh na soláthróirí seirbhísí aerthrachta sásraí comhairliúcháin le haghaidh comhairliúchán leis na húsáideoirí ábhartha aerspáis, le hoibreoirí aeradróim agus leis na húdaráis mhíleata maidir leis na saincheisteanna móra ar fad a bhaineann leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear athruithe ábhartha ar chumraíochtaí aerspáis, nó maidir le mór-infheistíochtaí a imríonn tionchar ábhartha ar an mbainistíocht aerthrachta agus ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta agus/nó ar mhuirir.

Airteagal 39

Caidreamh le tríú tíortha

Beidh sé mar aidhm ag an Aontas agus ag a chuid Ballstát an t-Aerspás Eorpach Aonair a leathnú chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, agus tacóidh siad leis an leathnú sin. Chun na críche sin, faoi chuimsiú creata comhaontuithe a thabharfar i gcrích le tríú tíortha comharsanacha go háirithe sa limistéar EUROCONTROL nó sa réigiún ICAO EUR, féachfaidh siad leis an Aerspás Eorpach Aonair a leathnú chuig na tíortha sin. Sa bhreis air sin, féachfaidh siad le dul i gcomhar leis na tíortha sin i gcomhthéacs comhaontuithe maidir le soláthar seirbhíse trasteorann le tríú tíortha, le comhar i dtaca le nuachóiriú BAT, le feidhmeanna gréasáin, nó faoi chuimsiú an Chomhaontaithe idir an tAontas agus EUROCONTROL lena gcuirtear ar fáil cuimsiú ginearálta le haghaidh comhordú feabhsaithe, lena hatreisítear ‘gné uile-Eorpach’ BAT.

Beidh an tAirteagal seo gan dochar do chinneadh na mBallstát maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an t-aerspás Eorpach aonair a leathnú chuig a dtíortha agus críocha thar lear nó chuig críocha féinrialaitheacha eile i réigiún ICAO eile.

Airteagal 40

Tacaíocht ó chomhlachtaí eile

Féadfaidh an Coimisiún tacaíocht a iarraidh ar chomhlachtaí seachtracha chun a chuid cúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear tacaíocht a iarraidh ar EUROCONTROL faoi chuimsiú an Chomhaontaithe idir an tAontas agus EUROCONTROL lena bhforáiltear do chreat ginearálta don chomhar feabhsaithe.

Airteagal 41

Rúndacht

1. Ní dhéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, ag gníomhú dóibh i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, ná na húdaráis inniúla náisiúnta, ná an Coimisiún, ná CAF, ná an Bainisteoir Gréasáin aon fhaisnéis de chineál rúnda, go háirithe faisnéis faoi sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, a gcaidreamh gnó nó a ngnéithe costais ná ioncaim, a nochtadh.
2. Beidh mír 1 gan dochar do cheart na n-údarás maoirseachta náisiúnta agus, an Choimisiúin faisnéis a nochtadh i gcás ina mbeidh sé seo fíor-riachtanach chun a gcuid cúraimí a chomhall. Sa chás sin, beidh nochtadh den sórt sin comhréireach agus beidh aird aige ar leasanna dlisteanacha na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, na n-úsáideoirí aerspáis, na n-aerfort nó na ngeallsealbhóirí ábhartha eile ó thaobh chosaint faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.
3. Nochtfar go poiblí faisnéis agus sonraí ar a dtugtar rochtain de bhun Airteagail 13(3b), 13a(6), 13b(2), 25(3) agus 25(4) nó a thuairiscítear de bhun Airteagal 19 (6), go háirithe maidir le costais arna gcinneadh, chomh maith le costais iarbhír na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe, faoi réir cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil, mura rud é go bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh. .

Airteagal 42

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ar na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin go háirithe ag úsáideoirí aerspáis, oibreoirí aerfoirt agus soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 43

Meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chun tionchair dhlíthiúla, shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an Rialacháin seo a mheasúnú, mar aon lena bhreisluach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, idir 5 agus 8 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Nuair atá údar maith ag an gCoimisiún chuige sin, féadfaidh sé faisnéis atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a iarraidh ar na Ballstáit, lena n-áirítear na húdaráis mhíleata.
2. Cuirfidh an Coimisiún a thorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear torthaí na meastóireachta ar fáil don phobal.

Airteagal 44

Coimircí

Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar chur i bhfeidhm beart ag Ballstát a mhéid a bhfuil gá leo chun slándáil riachtanach nó leasanna maidir le beartas cosanta a choimirciú. Is bearta iad sin atá riachtanach go háirithe:

- (a) maidir le faireachas a dhéanamh ar aerspás atá faoina fhreagracht i gcomhréir le comhaontuithe Aerloingseoireachta Réigiúnaí ICAO, lena n-áirítear an cumas chun gach aerárthach a úsáideann an t-aerspás sin a bhrath, a shainaithint agus a mheas, d'fhonn sábháilteacht eitiltí a choimirciú agus bearta a dhéanamh chun riachtanais slándála agus cosanta a áirithiú;
- (b) i gcás suaití inmheánacha tromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar ord poiblí a choinneáil;
- (c) i gcás cogaidh nó teannas tromchúiseach idirnáisiúnta ar bagairt cogaidh é;
- (d) chun oibleagáidí idirnáisiúnta Ballstáit a chomhlíonadh maidir le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choinneáil;
- (e) chun oibríochtaí míleata agus oiliúint mhíleata a reáchtáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí is gá le haghaidh cleachtaí.

Airteagal 45

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, Uimh. 550/2004 agus Uimh. 551/2004.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn III.

Airteagal 46

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 3(3) agus Airteagal 25(3) ón [OP: cuir isteach an dáta a bheidh ann 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Airteagail 10 go 24 ó bhliain amháin tar éis a ghlactha. Mar sin féin, maidir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin, beidh feidhm acu fós chun críoch cur chun feidhme scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe a bhaineann leis an tríú tréimhse thagartha. Leanfaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/709 ón gCoimisiún, mar a glacadh an 6 Bealtaine 2019 é, d'fheidhm a bheith aige go dtí deireadh an cheathrú tréimhse.

Beidh feidhm ag Airteagal 27(4) agus Airteagal 32 maidir leis an mBainisteoir Gréasáin ón lá a bheidh feidhm ag an gcinneadh ceapacháin, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27(2).

Beidh feidhm ag Airteagal 42 ón [OP cuirtear isteach dáta an lae a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Beidh feidhm ag bearta arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun an Airteagail sin ón:

[OP cuirtear isteach dáta an lae 72 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i ndáil le sáruithe ar Airteagal 3(3) agus ar Airteagal 25(3);

- ó bhliain amháin tar éis ghlacadh an Rialacháin seo i ndáil le sáruithe ar Airteagail 10 agus 24.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN II

Rialacháin aisghairthe agus an leasú a rinneadh orthu

Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1)	
Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10)	
Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 96, 31.3.2004, lch. 20)	
Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 34)	Airteagail 1, 2 agus 3 amháin

IARSCRÍBHINN III

AN TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán 549/2004	Rialachán 550/2004	Rialachán 551/2004	An Rialachán seo
Airteagal 1(1) go (3)			Airteagal 1(1) go (3)
Airteagal 1(4)			-
-			Airteagal 1(4)
Airteagal 2, pointí 1(a) agus (b)			Airteagal 2, pointí 5(a) agus (b)
Airteagal 2, pointe 2			Airteagal 2, pointe 1
Airteagal 2, pointe 3			Airteagal 2, pointe 2
-			Airteagal 2, pointe 2a
Airteagal 2, pointe 4			Airteagal 2, pointe 4
-			Airteagal 2, pointe 6
Airteagal 2, pointe 5			Airteagal 2, pointe 3
Airteagal 2, pointe 6			Airteagal 2, pointe 11
Airteagal 2, pointe 7			Airteagal 2, pointe 12
-			Airteagal 2, pointe 13
Airteagal 2, pointe 8			Airteagal 2, pointe 14
Airteagal 2, pointe 9			Airteagal 2, pointe 8
Airteagal 2, pointe 10			Airteagal 2, pointe 9
Airteagal 2, pointe 11			Airteagal 2, pointe 10

Airteagal 2, pointe 12			Airteagal 2, pointe 17
-			Airteagal 2, pointí 18 go 20
Airteagal 2, pointe 13			Airteagal 2, pointe 16
Airteagal 2, pointe 13a			Airteagal 2, pointe 33
Airteagal 2, pointe 14			-
-			Airteagal 2, pointe 21
-			Airteagal 2, pointe 22
Airteagal 2, pointe 16			Airteagal 2, pointe 23
Airteagal 2, pointe 17			Airteagal 2, pointe 32
Airteagal 2, pointe 18			-
Airteagal 2, pointe 19			Airteagal 2, pointe 24
-			Airteagal 2, pointí 25 agus 26
Airteagal 2, pointe 20			Airteagal 2, pointe 31
Airteagal 2, pointe 22			Airteagal 2, pointe 34
Airteagal 2, pointe 23			-
Airteagal 2, pointe 23a			Airteagal 2, pointe 35
-			Airteagal 2, pointí 35b agus 35c
Airteagal 2, pointe 23b			Airteagal 2, pointe 15
Airteagal 2, pointí 24 agus 25			-
Airteagal 2, pointe 26			Airteagal 2, pointe 36

Airteagal 2, pointe 27			-
Airteagal 2, pointe 28			Airteagal 2, pointe 37
Airteagal 2, pointe 29			Airteagal 2, pointe 38
-			Airteagal 2, pointí 39 agus 40
Airteagal 2, pointe 30			Airteagal 2, pointe 41
-			Airteagal 2, pointí 42 agus 43
-			Airteagal 2, pointí 43a agus 43c
Airteagal 2, pointe 31			Airteagal 2, pointe 44
-			Airteagal 2, pointe 44a
-			Airteagal 2, pointe 45
Airteagal 2, pointe 32			-
Airteagal 2, pointe 33			Airteagal 2, pointe 46
Airteagal 2, pointe 34			Airteagal 2, pointe 47
-			Airteagal 2, pointí 48 go 52
Airteagal 2, pointí 35 agus 36			-
Airteagal 2, pointe 38			Airteagal 2, pointe 53
Airteagal 2, pointe 39			Airteagal 2, pointe 54
-			Airteagal 2, pointe 56

Airteagal 2, pointe 40			Airteagal 2, pointe 57
Airteagal 2, pointe 41			Airteagal 2, pointe 27
-			Airteagal 2, pointí 28 go 30
			Airteagal 2a
Airteagal 3			-
Airteagal 4(1)			Airteagal 3(1)
Airteagal 4(2)			Airteagal 3(3)
-			Airteagal 3(4)
Airteagal 4(3)			Airteagal 3(2)
Airteagal 4(4)			
-			
Airteagal 4(5)			Airteagal 3(9)
-			Airteagail 4 go 9
Airteagal 5(1)			Airteagal 37(1)
Airteagal 5(2)			
Airteagal 5(3)			Airteagal 37(3)
-			Airteagal 37(4)
Airteagal 5(4) agus (5) agus Airteagal 6			-
Airteagal 7			Airteagal 39
Airteagal 8(1)			Airteagal 40

Airteagal 8(2)			-
-			Airteagal 41
Airteagal 9			Airteagal 42
Airteagal 10(1)			Airteagal 38(1)
Airteagal 10(2)			Airteagal 38(2)
Airteagal 10(3)			Airteagal 38(3)
-			Airteagal 38a
Airteagal 11(1), an chéad abairt, agus Airteagal 11(3) pointe (d), an chéad abairt agus an tríú habairt			Airteagal 10(1)
Airteagal 11(1), pointí (a) go (c)			Airteagal 10(2)
Airteagal 11(2)			-
Airteagal 11(3), pointe (a)			Airteagal 11
Airteagal 11(3), pointí (b) agus (c)			Airteagail 13(1), (3), (3a) agus 3b
-			13(1a) (1b)
11(3)b			13(2)
Airteagal 11(3), pointe (c) an chéad fho-mhír			13(5)

Airteagal 11(3), pointe (c) an chéad fho-mhír			Airteagal 13a(1)
-			13a(2)
Airteagal 11(3), pointe a			13a(3)
Airteagal 11(3), pointe (c), fo-mhíreanna 2-4			Airteagal 13a(4) agus (5)
-			13a(6)
Airteagal 11(3), pointe (d) an dara abairt			Airteagail 13b(2)
-			Airteagal 13b(1) agus (2a)
Airteagal 11(3), pointe (e)			Airteagail 13b(3)
-			Airteagail 16 agus 17
Airteagal 11(4), pointe (a)			Airteagal 10(3), pointe (a)
-			Airteagal 10(3), pointí (b) go (d)
Airteagal 11(4), pointí (b) agus (c)			-
Airteagal 11(4), pointe (d)			Airteagal 10(3), pointe (e)
Airteagal 11(4), pointe (e)			Airteagal 10(3), pointe (f)
-			Airteagal 10(3), pointí

			(g) go (k)
Airteagal 11(4), an dara fomhír			Airteagal 18
Airteagal 11(5)			-
Airteagal 11(6)			Airteagal 18
-			Airteagail 19 go 35
Airteagal 12(1) agus 12(2), go ‘in Airteagal 3,’			Airteagal 43(1)
Airteagal 12(2), cuid den chéad abairt a thosaíonn le ‘agus cuirfidh sé a chéad tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa’			Airteagal 43(2)
Airteagal 12(3) agus (4)			-
Airteagal 13			Airteagal 44
-			Airteagal 45
Airteagal 13a			-
Airteagal 14			Airteagal 46
	Airteagal 1		Airteagal 1(1)
	-		Airteagal 1(2) go (4)
	-		Airteagail 2 agus 3
	Airteagal 2(1)		Airteagal 4(1)
	-		

	Airteagal 2(2)		Airteagal 4(3)
	-		Airteagal 5(1)
	Airteagal 2(3)		Airteagal 5(3)
	Airteagal 2(4)		Airteagal 5(2)
	Airteagal 2(5)		Airteagal 5(4)
	Airteagal 2(6)		Airteagal 5(5)
	-		Airteagal 5(5a)
	Airteagail 3 go 6		-
	Airteagal 7		Airteagal 7 (1a), pointe (a)
	Airteagal 7(2)		Airteagal 7 (1a), pointe (c)
	Airteagal 7(3) an chéad abairt		-
	Airteagal 7(3) an dara agus an tríú habairt		-
	Airteagal 7(4)		
			Airteagal 6(2a) agus (3)
	Airteagal 7(5) agus (6)		-
	Airteagal 7(7)		Airteagal 6(1) an dara fomhír, agus Airteagal 6(4) agus (5)
	Airteagal 7(8) agus (9)		-
	-		Airteagal 6(6)

	Airteagal 8(1)		Airteagal 7(1))
	-		Airteagal 7(1), pointí (b) agus 7(1) an dara fomhír, pointí (c) agus (d)
	Airteagal 8(2)		Airteagal 7(2)
			Airteagal 7(2), an abairt dheireanach
	Airteagal 8(3)		Airteagal 7(3)
	Airteagal 8(4) agus (5)		-
	Airteagal 8(6)		Airteagal 7(4)
	Airteagal 9		Airteagal 7a
	Airteagal 9a		Airteagal 2a
	Airteagal 9b		-
	Airteagal 10		Airteagal 7b
	-		Airteagail 9b go 18
	Airteagal 11		Airteagal 30
	Airteagal 12(1)		Airteagal 25(1)
	Airteagal 12(2)		Airteagal 25(1)
	Airteagal 12(3)		Airteagal 25(3)
	-		Airteagal 25(4)
	Airteagal 12(4)		Airteagal 25(2)
	-		Airteagail 26 go 28

	Airteagal 12(5)		-
	Airteagal 13(1)		Airteagal 9a (1)
	-		
	Airteagal 13(2)		Airteagal 9a (3)
	Airteagal 13(3)		Airteagal 9a (4)
	-		Airteagail 32a go 34
	Airteagal 14		Airteagal 19(1)
	Airteagal 15(1)		Airteagal 19(2)
	Airteagal 15(3) pointe f)		Airteagal 19(3)
	-		Airteagal 19(5)
	Airteagal 15(2) pointe (a)		Airteagal 20(1) agus (2)
	Airteagal 15(2) pointe (b) an chéad abairt		Airteagal 20(2)
	Airteagal 15(2) pointe (b) an dara habairt		Airteagal 20(3)
	Airteagal 15(2) pointe (b) an tríú habairt		Airteagal 20(4)
	Airteagal 15(2) pointe (c)		-
	Airteagal 15(2) pointe (d)		Airteagal 20(6)

	Airteagal 15(2) pointe (e)		Airteagal 20(5)
	Airteagal 15(2), pointe (f)		Airteagal 19(6) agus Airteagal 23
	Airteagal 15(3) pointe (a)		Airteagal 22(1)
	-		Airteagal 22(2), (3) agus (5a)
	Airteagal 15(3) pointe (b)		Airteagal 22(4)
	Airteagal 15(3) pointe (c)		Airteagal 21(1)
	-		Airteagal 21 (1a) agus (2)
	Airteagal 15(3) pointe (d)		Airteagal 19(2)
	Airteagal 15(3) pointe		Airteagail 20(2) agus
	(e)		22(1)
	Airteagal 15(3), pointe (f)		Airteagal 22(5)
	Airteagal 15(4)		Airteagal 23
	Airteagal 15a(1) agus (3), an chéad abairt		Airteagal 35(1) agus (4)
	Airteagal 15a(2)		Airteagal 35(2) agus (4)
	Airteagal 15a(3), an dara habairt go dtí an ceathrú habairt		Airteagal 35(3)
	-		Airteagail 37 go 40
	Airteagal 15a(3) an cúigiú habairt		-

	Airteagal 16(1)		Airteagal 24(1)
	Airteagal 16(2)		Airteagal 24(2) agus (3)
	Airteagal 16(3)		Airteagal 24(3)
	Airteagal 17		-
	Airteagal 18(1)		Airteagal 41(1)
	Airteagal 18(2)		Airteagal 41(2)
	Airteagal 18(3)		Airteagal 41(3)
	-		Airteagail 42 go 45
	Airteagal 19		Airteagal 46
	Iarscríbhinn I		-
	Iarscríbhinn II		-
		Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)
		Airteagal 1(2)	Airteagal 1(1)
		-	Airteagal 1(2) agus (3)
		Airteagal 1(3)	Airteagal 1(4)
		-	Airteagal 1(5) agus (6), agus Airteagail 2 go 25
		Airteagal 1(4) agus Airteagal 3	-
		Airteagal 3a	Airteagal 32
		Airteagail 4 agus 5	-
		Airteagal 6(1)	Airteagal 26(1)
			Airteagal 26 (1a)

		Airteagal 6(2), an chéad fho-mhír	Airteagal 26(2)
		-	Airteagal 26(3)
		Airteagal 6(2), an dara fomhír	Airteagal 26(4)
		-	Airteagal 27(1)
		Airteagal 6(2), an tríú fomhír, an chéad abairt	Airteagal 27(2)
		Airteagal 6(2), an tríú fomhír, an dara habairt agus an tríú habairt	Airteagal 27(3)
		-	Airteagal 27(4) go (7c)
		Airteagal 6(3)	-
		Airteagal 6(4)	Airteagal 27(8)
		Airteagal 6(5)	Airteagal 26 (1a)
		Airteagal 6(6)	Airteagal 26(2) pointe

			(b)
		Airteagal 6(7) go (9)	Airteagal 27(8)
		-	Airteagail 28 agus 30
		Airteagal 7(1)	Airteagal 33(1)
		Airteagal 7(2)	Airteagal 33(2)
		Airteagal 7(3)	Airteagal 33(3)
			Airteagal 33(4)
		-	Airteagail 34 go 45
		Airteagail 8 agus 10	-
